piab

Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta
Personal Injuries Assessment Board

## Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

# Tuarascáil Bhliantúil 2018



# Maidir linne…

**Is é Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) comhlacht stáit neamhspleách na hÉireann a dhéanann cúiteamh um dhíobháil phearsanta a mheasúnú**


**Sonraí Teagmhála**

Luan go hAoine, 8am go 6pm

Glao áitiúil ó Phoblacht na hÉireann 1890 829 121

Ó Thuaisceart Éireann agus ón Ríocht Aontaithe 0870 876 8121

Bosca O.P. 8, Cloich na Coillte, Co. Chorcaí

*www.piab.ie*

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Príomhstaitisticí – 2018 | 2 |
| Ráiteas an Chathaoirligh | 4 |
| Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh | 6 |
| Athbhreithniú Airgeadais | 11 |
| Sracfhéachaint ar PIAB | 15 |
| An Méid a Dhéanaimid | 16 |
| Athbhreithniú Oibriúcháin | 17 |
| Cúiteamh a mheas go cothrom agus go cruinn | 19 |
| Na costais riaracháin is ísle is féidir a sheachadadh | 25 |
| Cultúr nuála, sármhaitheasa agus éifeachtúlachta a chur chun cinn | 29 |
| Seirbhís den scoth do chustaiméirí a chur chun cinn | 33 |
| Ag cur go dearfach le timpeallacht réitigh éileamh | 37 |
| Ár nDaoine | 43 |
| Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird | 44 |
| Rialachas Corparáideach | 50 |
| Na Ráitis Airgeadais | 55 |
| Aguisíní | 87 |

# Príomhstaitisticí – 2018

**Líon iomlán na n-iarratas**

**33,371**

**% Méadú ar Iarratais thar 2017**

**+0.8%**

**Líon iomlán na ndámhachtainí**


**12,112**

**Luach na nDámhachtainí**

**€298.55m**



**Dámhachtainí de réir catagóire**



## Príomhshtaitisticí – 2018

**Meán-Dámhachtain**
**€24,649**

**Dámhachtain is Airde**
**€908,749**

**Meán-aga próiseála**
**7.2 mí**

**Costais Seachadta**
**6.1%**

**Ioncam**
**€11.8M**

**Barrachas**
**€669K**

**Scrúduithe Dochtúra arna nEagrú**
**22,416**

**Sonraisc íoctha le soláthraithe**
**23,719**

**Cuairteanna ar an Láithreán Gréasáin**
**161,153**

**Glaonna ar an Ionad Seirbhísí**
**43,343**

# Ráiteas an Chathaoirligh

Bhí ionchur suntasach ag PIAB sa chóras díobhálacha pearsanta in 2018, tríd an tsamhail dá chuid a oibriú go héifeachtach agus go follasach, agus trí obair a dhéanamh chun cuidiú leis an timpeallacht a fheabhsú i dtéarmaí measúnaithe agus dámhachtainí cúitimh.

Is saincheist é cúiteamh um dhíobháil phearsanta a théann i bhfeidhm go suntasach ar earnálacha uile shochaí na hÉireann, agus le samhail PIAB baintear costais phróiseála inseachanta as an áireamh, agus baintear na mílte cásanna as córas na gCúirteanna freisin, agus ag an am céanna aitheantas á thabhairt dóibh siúd a d'fhulaing díobhálacha.

Mar an príomhchomhlacht oifigiúil sa réimse seo, imrítear tionchar lenár gcuid oibre i PIAB orthu siúd a d'fhulaing díobhálacha i dtimpistí nuair a bhí duine nó aonán eile freagrach. Sna cásanna sin bíonn sé soiléir nach mór cúiteamh cothrom le haghaidh damáistí a íoc leo siúd a bhí buailte, agus tá comhaontú forleathan ann in Éirinn maidir leis an bpointe sin.

Tá tionchar ag an gcóras díobhálacha pearsanta orthu siúd a ndéantar éileamh ina gcoinne. Áirítear leo sin tiománaithe feithiclí agus na hárachóirí dá gcuid, fostóirí agus úinéirí áitribh arna úsáid ag an bpobal. I ngach ceann de na cásanna sin is mian leo siúd a ndéantar an t-éileamh ina gcoinne a fheiceáil go follasach go bpléitear leis an éileamh ar bhonn éifeachtach agus tráthúil lena ndéantar a gcuid ceart a chosaint.

Ach imrítear tionchar níos leithne ná sin i dtéarmaí an tionchair ar an tsochaí. Íocann mórchuid na saoránach préimheanna maidir le cumhdach árachais mar thiománaithe, mar úinéirí tithe nó mar bhaill i ngrúpaí pobail, féile nó spóirt. Is fachtóir suntasach sna préimheanna árachais sin an costas de dhamáistí díobhálacha pearsanta, na costais dámhachtana agus na costais phróiseála araon trí chainéil éagsúla. Forbraíodh comhaontú leathan le blianta beaga anuas i measc tomhaltóirí, grúpaí gnó, tiománaithe agus an lucht ceaptha beartas maidir leis an ngá le hathrú ar thimpeallacht na ndíobhálacha pearsanta in Éirínn.

Ba é sin an cúlra maidir le tiomantas iomlán PIAB le linn 2018 chun oibriú ar athruithe chun an córas a fheabhsú in Éirinn. Is é an ról atá ag PIAB chun cúiteamh díobhálacha pearsanta a mheasúnú ar bhealach tráthúil agus cost-éifeachtúil trí chuidiú le costais seachadta neamhriachtanacha a bhaint agus ag an am céanna ag cinntiú go mbíonn comhsheasmhacht ann maidir le dámhachtainí agus go gcaitear le gach páirtí ar bhonn cothrom, chomh maith le hoibriú chun an timpeallacht um dhíobhálacha pearsanta a fheabhsú.

Tacaíonn PIAB go hiomlán leis an mbealach ar aghaidh a comhaontaíodh atá tacaithe go fairsing ag páirtithe leasmhara, atá san áireamh le tuarascálacha an Choimisiúin um Dhíobhálacha Pearsanta agus Ghrúpa Oibre um Chostas Árachais de chuid na Roinne Airgeadais. Creidimid go bhfuil sé ríthábhachtach go leantar le dul chun cinn a dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm na moltaí sin.

Le linn 2018, chuir an Rialtas an Bille um Leasú PIAB chun cinn, píosa reachtaíochta lena ndéanfar an-chuidiú le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht bhreise shamhail PIAB. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, an tUasal Heather Humphreys T.D., as a cuid oibre uile agus as obair na n-oifigeach dá cuid maidir leis an bpríomhbheart sin, agus maidir le gnóthaí eile le linn na bliana.

## Ráiteas an Chathaoirligh

Ba mhaith liom tagairt shainiúil a dhéanamh don chuidiú tábhachtach a rinne an Coimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta (PIC) anuraidh faoi cheannas Uachtarán ar scor na hArd-Chúirte, an Breitheamh Onórach Nicholas Kearns sa chomhthéacs sin. Mar thoradh ar a ról ceannasaíochta i bhforbairt thuarascáil dheiridh an PIC agus ar an obair thagarmharcála a rinneadh léi moladh athruithe ceannródaíocha, a bheidh ina mbuntáiste do gach páirtí.

Ghlac PIAB páirt ghníomhach in obair an PIC mar bhall de, agus chuir sé fáilte mhór roimh an moladh dá chuid agus thacaigh sé leis.

Creidim, mar thoradh ar obair an PIC, measfar 2018 mar cheann de na blianta is suntasaí sa réimse seo ó bhunú PIAB cúig bliana déag ó shin.

Ba bhliain an-ghnóthach agus an-táirgiúil í 2018 do PIAB i dtéarmaí a chuid oibríochtaí laethúla.

Lean ar bhfoireann agus ár lucht bainistíochta ardoilte anuraidh lena chinntiú go ndearnadh éilimh a phróiseáil go héifeachtúil agus go pras. Lena PIAB lena chuid oibríochtaí, agus costais phróiseála fhoriomlána á gcoinneáil ag leibhéil ísle nach bhfacthas riamh.

Ba ghaisce phríomhúil le linn na bliana an fás i ndigitiú ár seirbhísí. Seo réimse lena bhfuil mé ag súil go méadófar é ar bhonn leanúnach sna blianta le teacht. Beidh éifeachtúlachtaí móra ina dtoradh air maidir le húsáideoirí agus do PIAB agus tá sé in oiriúint lenár gcuspóir d'éilimh a phróiseáil ar bhealach éifeachtúil agus tráthúil.

Gabhaim buíochas leis an bPríomhfheidhmeannach, Conor O'Brien, agus le lucht bainistíochta agus le foireann na heagraíochta as a gcuid oibre chun ard-fheidhmíocht leanúnach a sheachadadh in 2018.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le comhaltaí an Bhoird as a dtiomantas díograiseach i rith na bliana. Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Dermot Gorman, le Fionnuala O'Loughlin, agus le John Lynch a ndeachaigh a dtréimhsí oifige as feidhm le linn 2018. Cuirim fáilte roimh Nuala Jackson S.C. agus roimh an Dr. Jean O'Sullivan a chuaigh leis an mBord le linn na bliana.

Ba mhaith liom freisin mo bhuíochas a ghabháil le Michael D'Arcy, T.D. Aire Stáit ag an Roinn Airgeadais, lena ndearnamar dlúth-obair ar an nGrúpa Oibre um Chostas Árachais.

Tá áthas orm Tuarascáil 2018 an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta a chur i láthair.

**Dermot Divilly**
*An Cathaoirleach*

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

Lean PIAB lena misean le linn 2018 chun éilimh um dhíobhálacha pearsanta a phróiseáil le haghaidh timpistí i spásanna poiblí, san áit oibre agus ar an mbóthar ar bhealach cothrom, éifeachtúil agus follasach.

De réir mar a rinne an eagraíocht ar feadh na mblianta anuas, chumhdaigh PIAB an costas laethúil dá chuid, gan aon ghá le maoiniú ón Státchiste le linn 2018. Trí éifeachtúlacht oibriúcháin, tháirgeamar barrachas don bhliain.

Is é misean PIAB de réir an ráitis mhisin dá chuid "seachadadh cúitimh a éascú ar bhealach cothrom, pras agus follasach chun leasa na sochaí ina hiomláine".

Tá áthas orm le rá gur lean PIAB leis an misean sin a sheachadadh le linn 2018.

- Rinneamar 33,371 éileamh díobhála pearsanta a bhainistiú agus rinneamar 12,112 dhámhachtain fhoirmiúla;
- D'éirigh linn meán-aga ama próiseála éilimh 7.2 mí a bhaint amach – i bhfad faoin amlíne reachtúil de 9 mí, agus ar chostas 6.1% de na dámhachtainí glactha; agus
- Rinneamar cúiteamh iomlán de €298.55 milliún a dhámhachtain d'íospartaigh timpiste.
- Trínár n-oibríochtaí cinntíodh laghdú leanúnach ar chásanna ag dul trí chóras na gCúirteanna, agus an córas sin á chumasú déileáil le saincheisteanna níos tábhachtaí.
- Rinneamar dul chun cinn lenár n-aistriú go húsáid mhéadaithe teicneolaíochta nua le haghaidh éilimh a ghlacadh agus a phróiseáil, trí fheidhmiú céimneach ár dTairsí do Dhlíodóirí.

Rinneamar oibleagáidí reachtúla na heagraíochta a sheachadadh agus rinneamar dul chun cinn suntasach i dtreo ár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Rinneamar ullmhúchán freisin le haghaidh forbairtí sa todhchaí, agus cuireadh próiseas comhairliúcháin agus ullmhúcháin chun feidhme le linn na bliana chun an bealach a réiteach don chéad Phlean Straitéiseach eile de chuid PIAB le haghaidh 2019 – 2024.

## Buaicphointí

San áireamh le príomhbhuaicphointí 2018 bhí na nithe a leanas:

- Thosaigh an Tairseach Gréasáin líon suntasach úsáideoirí a tharraingt ó lucht an dlí le linn 2018. Tharla comhairliúchán agus cumarsáid leanúnach i dtaca leis an Tairseach. Baineann buntáistí tábhachtacha leis an tseirbhís gréasáin sin do pháirtithe uile i dtéarmaí éifeachtúlachtaí agus coigiltis maidir le costais próiseála. Is ardán slán gréasán-bhunaithe í ina bhféadann úsáideoirí údaraithe rochtain a fháil ar fhaisnéis a bhaineann le héilimh a gcliaint agus dul i dteagmháil le PIAB. Tá obair bhreise beartaithe ar dhigitiú seirbhísí.
- Bhí feidhmeannaigh PIAB ina mbaill den Choimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta agus bhí ról gníomhach acu. Sa bhreis air sin, bhí ról ríthábhachtach ag foireann ar iasacht do rúnaíocht an Choimisiúin um Dhíobhálacha Pearsanta, agus iad ag obair le hoifigigh na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus le páirtithe leasmhara eile, chun staidéar tagarmharcála idirnáisiúnta agus tuarascáil dheiridh PIAB a thabhairt chun críche agus a fhoilsiú.

## Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

- Chuidigh PIAB go suntasach le Grúpa Oibre um Chostas Árachais (CIWG) de chuid na Roinne Airgeadais agus faisnéis agus ionchur á soláthar aige agus ag obair chun moltaí éagsúla a chur i bhfeidhm. D'fhoilsigh CIWG Tuarascáil maidir le Costas Árachais Fostóra agus Dliteanais Phoiblí in 2018 agus d'fhoilsigh an grúpa roinnt athbhreithnithe d'fhonn seachadadh gníomhaíochtaí a chinntiú.
- Seirbhís do Chustaiméirí: Le linn na Bliana rinne ár Lárionad Seirbhíse 43,343 ghlao isteach a láimhseáil, mar aon le comhfhreagras a bhain le héilimh reatha agus na 33,371 éileamh nua a fuarthas le linn na bliana, lenar áiríodh 103,443 ríomhphost isteach agus 7,713 fhacs isteach. Sa bhreis air sin, d'eagraigh ár Lárionad Seirbhíse 22,416 choinne míochaine.
- Chuir PIAB tionscadal ullmhachta 8 mí i gcrích roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR). Rinneadh an tionscadal ullmhachta a threorú ag anailís le sainchomhairleoirí neamhspleácha um chosaint sonraí, trína ndearnadh aon réimsí breise a shainaithint a bheidh le clúdach ag beartais, nósanna imeachta agus cleachtas PIAB. Rinneadh gach ceann de bheartais agus de nósanna imeachta PIAB um próiseáil sonraí agus príobháideacha sonraí a athbhreithniú agus a nuashonrú nuair ba ghá leis sin, d'fhonn ullmhacht a chinntiú do chur i bhfeidhm an Achta um Chosaint Sonraí i mBealtaine 2018.
- In 2018 d'fheabhsaíomar ár gcóras aicmithe sonraí, agus tagairt á déanamh do chóras ICD–10 (an 10ú athbhreithniú ar an Aicmiú Idirnáisiúnta Galar) na hEagraíochta Domhanda Sláinte. Tríd an obair sin éascófar anailís níos mó ar na cineálacha gortuithe arna bhfulaingt i dtimpistí a mbíonn éilimh díobhálacha pearsanta ina dtoradh. Mar chuid de sin, d'fhoilsigh PIAB sonraí maidir le dámhachtainí cúitimh díobhálacha a bhaineann le fuiplasc mar thoradh ar thimpistí tráchta bóthair in Éirinn ar aon dul le moladh ó chéad tuarascáil an Choimisiúin um Dhíobhálacha Pearsanta (PIC). Is é a bhí i gceist leis sin anailís ar thimpeall ar 4,500 dámhachtain sna chéad sé mhí de 2018.

### An Leabhar Candaim

Cé go dtáirgeann PIAB an Leabhar Candaim faoi láthair, luaigh an Coimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta sa Dara Tuarascáil, Tuarascáil Dheiridh dá chuid, gur chreid sé go soláthrófar deis uathúil le bunú reachtúil Chomhairle Bhreithiúnach na hÉireann chun treoir a iarraidh agus a aimsiú do bhreithiúna chun damáistí ginearálta a thomhas maidir le díobháil phearsanta. Dúirt an PIC gur chreid siad go mbeadh leibhéil comhsheasmhachta níos airde ann maidir le dámhachtainí ina dtoradh ar Threoirlínte do Bhreithiúna, go ndéanfaí minicíocht de réiteach luath éileamh a mhéadú, go laghdófaí costais agus go soláthrófaí próiseas eolach níos fearr go ginearálta de bharr sin. Thacaigh ionadaithe ó Dhlí-Chumann na hÉireann agus ó Chomhairle Bharra na hÉireann leis an moladh sin. Tacaíonn PIAB go hiomlán leis an moladh sin agus creideann sé go mbeadh an Chomhairle Bhreithiúnach in ann, tar éis di a bheith bunaithe, rannchuidiú thar a bheith tábhachtach a dhéanamh trí athbhreithniú dá leithéid. Comhoibreoidh PIAB go hiomlán leis an gComhairle Bhreithiúnach agus tacóidh sé léi.

### Rannpháirteachas le páirtithe leasmhara

Ar feadh 2018, chuamar i dteagmháil go dlúth le raon leathan de pháirtithe leasmhara lenar áiríodh grúpaí gnó agus tomhaltóirí, an tionscal árachais, lucht an dlí, lucht an leighis, rann rialtais, gníomhaireachtaí stáit agus grúpaí ionadaíochta.

Bhí na cruinnithe le páirtithe leasmhara an-chuiditheach agus an-fhaisnéiseach dár gcuid oibre. Gabhaim buíochas leis na comhlachtaí uile sin agus le páirtithe leasmhara a raibh cruinnithe acu leo le linn na bliana.

# Athbhreithniú an Phríomhfheidhmeannaigh

## Feachtais sábháilteachta

Tacaíonn PIAB go láidir le feachtais chun líonta na dtimpistí san áit oibre, i spásanna poiblí agus ar na bóithre a laghdú. Comhoibrímid leis an Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus leis an nGarda Síochána maidir le saincheisteanna um shábháilteacht ar bhóithre agus san áit oibre. De réir mar atáimid in ann staitisticí níos mionsonraithe a tháirgeadh ónár n-obair, beimid in ann sonraí arna gcomhiomlánú níos mó a chomhroinnt leis na comhlachtaí sin agus le heagraíochtaí ábhartha eile. Le linn 2018, bhaineamar úsáid i PIAB as ár mbealaí cumarsáide ar na meáin shóisialta agus ar an ngréasán chun tacaíocht chomhsheasmhach a thabhairt d'fheachtais sábháilteachta lenar áiríodh 'Project Edward' arna eagrú ag Líonra Eorpach na bPóilíní Tráchta (TISPOL) agus ag an nGarda Síochána agus leanfaimid lenár dtacaíocht in 2019.

## Daoine

Ba mhaith liom aitheantas sainiúil a thabhairt go ghairmiúlacht, do shaineolas, don obair dhian agus do dhíograis ár bhfoirne uile, agus gan iad ní bheadh muid in ann an dul chun cinn a rinneamar in 2018 a dhéanamh. Gabhaim mo bhuíochas leo as a rannchuiidú gan stad le baint amach ár misin.

## Focal Scoir

Gabhaim buíochas le Cathaoirleach PIAB agus le comhaltaí eile an Bhoird as an tacaíocht agus an ionchur uathu i rith na bliana.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Heather Humphreys T.D., an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta agus leis an bhfoireann sa Roinn dá cuid as a tacaíocht agus as a cúnamh le linn na bliana agus táimid ag tnúth le hobair thairbheach a dhéanamh leo sa todhchaí. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil freisin leis an Uasal Michael D'Arcy T.D., an tAire Stáit ag an Roinn Airgeadais, atá ina chathaoirleach ar an nGrúpa Oibre um Chostas Árachais. Is ceart dom obair dhian an Uasail Nicholas Kearns, Cathaoirleach an Choimisiúin um Dhíobhálacha Pearsanta, a mholadh mar aon leis an rannchuidiú substaintiúil dá chuid sa réimse seo.

Sa bhliain atá le teacht, creidim go mbeidh an t-ionchas ann le haghaidh athrú fíor agus fónta a bheidh chun leasa páirtithe uile agus lena gcumasófar PIAB chun leanúint le seachadadh a chuid oibre ríthábhachtaí.

**Conor O'Brien**
*Príomhfheidhmeannach*

# Athbhreithniú Airgeadais



# Athbhreithniú Airgeadais

## Príomhbhuaicphointí Airgeadais €'000

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 | % Athrú |
|---|---|---|---|
| Ioncam Iomlán | €11,792 | €11,687 | +0.9% |
| Caiteachas Iomlán | €11,123 | €11,250 | -1.1% |
| Barrachas | €669 | €437 | +53.1% |
| Insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid | €835 | (€1,049) | +179.6% |
| Caiteachas Caipitil | €198 | €1,231 | -83.9% |

Bhí feidhmíocht láidir airgeadais ag PIAB in 2018. Mar thoradh ar mhéadú beag ar ioncaim in éineacht le fócas leanúnach ar bhainistíocht costas bhí barrachas ann mar atá sonraithe thuas.

## Ioncam Iomlán

Tháinig 87% den ioncam iomlán in 2018 ó Ioncam Táillí ó Fhreagróirí (daoine a fhreagraíonn d'éilimh), Cuideachtaí Árachais go príomha, cosúil le 2017. Is í an táille reatha um Fhreagróir maidir le PIAB ag déileáil le héileamh Díobhála Pearsanta €600. Aithnítear an t-ioncam ó Tháillí Freagróirí nuair a thoilítear do phróiseas PIAB sa bhliain ina ndéantar an t-ioncam a thuilleamh .i.e ina soláthraítear an tseirbhís. fuarthas ioncam táillí freagróirí dar luach €10.4m in 2018 (2017:€10.1m).

Faightear ioncam ó tháillí ó éilitheoirí freisin (daoine a fhulaingíonn díobháil phearsanta). Cuirtear an táille reatha de €45 isteach leis an iarratas ar éileamh agus aithnítear í ar bhonn fáltas airgid. Aisíoctar táille an éilitheora don éilitheoir mar chuid den dámhachtain. Fuarthas €1.5m mar ioncam ó tháillí éilitheoirí in 2018, cosúil le 2017, rud lena léirítear bliain chomhréidh i dtéarmaí mhéid na n-iarratas a fuarthas, 33,371 in 2018 (2017:33,122).

Caitear le táillí freagróirí a íoctar roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear iad sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais mar dhliteanas reatha. Scaoiltear an t-ioncam sin chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a sheachadtar an tseirbhís. Ba ionann iarmhéid an ioncaim iarchurtha mar thoradh air sin amhail an 31 Nollaig 2018 agus €2.6m (2017:€2.5m).

## Caiteachas Iomlán

Tá an caiteachas iomlán de €11.1m níos ísle ná an bhliain roimhe faoi 1.1% agus baineann na príomhghnéithe de sin leis na nithe a leanas:

- Costais tuarastail €6.1m
- Costais an Lárionaid Seirbhíse sheachfhoinsithe €2.3m
- Costais neamhphá eile €2.7m

## Athbhreithniú Airgeadais

San áireamh le costais tuarastail de €6.1m tá méadú ainmniúil de €21k (0.3%) ar an mbliain roimhe. Seo a leanas na príomhfhachtóirí ag a raibh tionchar le linn na bliana ar chostais tuarastail:

- Bá é meánlíon na foirne a bhí fostaithe 84.3 (2017:82)
- Líon níos airde na foirne ag baint leasa as socruithe oibre solúbtha le linn na bliana
- Méaduithe ar thuarastail a íocadh faoi Chomhaontú Cobhsaíochta na Seirbhíse Poiblí (2018 – 2020)
- Rinneadh Asbhaint an fhostóra de Scéim Pinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí a feidhmíodh ó 2015 a leasú in 2018 agus foráil Imlitir 28/2016 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) á cur i bhfeidhm. Mar thoradh air sin fuarthas aisíocaíocht de €230,742 ón Roinn roimh dheireadh na bliana.

Tá costais an lárionaid seirbhíse sheachfhoinsithe de €2.3m níos ísle ná an bhliain roimhe seo faoi €146k (6%) mar gheall ar laghdú ar sheirbhísí a soláthraíodh in 2018.

Tá costais neamhphá eile de €2.7m cosúil le costais in 2017. Is iad na príomhghnéithe Teicneolaíocht Faisnéise (TF) & Teileachumarsáid, ag €0.7m (2017:0.6m), méadú ar chostas lena léirítear go príomha costais óstála agus seirbhíse bainistithe bhliantúlaithe tar éis tionscadal TF a chur i gcrích le linn 2017. Méadaíodh costais dhímheas go €0.4m (2017:€0.2m) mar méadaíodh an bonn sócmhainní in 2017.

Coimeádann PIAB painéil de shaineolaithe neamhspleácha (liachleachtóirí go príomha) a dhéanann scrúduithe dochtúra neamhspleácha mar chuid den phróiseas measúnaithe éileamh. Ba é an tsuim a d'íoc PIAB le baill an phainéil in 2018 €7.4m (2017:€8.0m), laghdú de thimpeall ar 8% atá inchurtha i leith méideanna níos lú. Déanann an Freagróir na costais sin a aisíoc le PIAB.

### Glansócmhainní

Is ionann na glansócmhainní agus €18.1m lena gcuimsítear go príomha sócmhainní reatha (taiscí airgid thirim de €19.4m), arna maoiniú ag cúlchistí ioncaim choinnithe carntha (€18.1m).

### Caiteachas Caipitil

Ba ionann infheistíocht caipitil agus €0.2m (2017:€1.2m) agus infheistíocht déanta i seirbhísí ar líne, sa bhonneagar agus in athchóiriú foirgneamh. Forbrófar clár infheistíochta caipitil suntasach in 2019 ar aon dul le plean straitéiseach PIAB agus ar aon dul freisin le tionscnaimh an Rialtais (Ár Seirbhís Phoiblí 2020).

### Ciste

Is ionann taiscí airgid thirim agus €19.4m (2017:€18.6m) agus bhí sreabhadh airgid dearfach ann in 2018 de €0.8m. Ba ionann an t-airgead tirim a gineadh ó oibríochtaí agus €1m, agus infheistíodh €0.2m i sócmhainní seasta. Tá taiscí gearrthéarmacha (€19.1m) infheistithe i roinnt institiúidí airgeadais ar aon dul le beartas ciste PIAB agus €0.3m coimeádta chun críocha caipitil/leachtachta.

### Súil ar aghaidh go 2019

Rinneadh an tAcht PIAB (leasú) 2019 a shíniú ina dhlí an 25 Feabhra 2019 agus táthar chun tús a chur leis an 3 Aibreán 2019. Tá foráil nua san Acht lena ndéanfar aisíoc cistí leis an Státchiste a éascú. Forbrófar beartas um chúlchistí in 2019 i gcomhar lenár máthair-roinn, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (DBEI). Tá sé réamh-mheasta go ndéanfar foráil leis an mbeartas ionas go mbeidh PIAB in ann cistí a choinneáil chun críocha oibriúcháin, teagmhasachta agus infheistíochta caipitil agus go dtabharfar suim chomhaontaithe ar ais don Státchiste in 2019.

# Sracfhéachaint ar PIAB



# Sracfhéachaint ar PIAB

Is é Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB) comhlacht Stáit neamhspleách na hÉireann a dhéanann cúiteamh um dhíobháil phearsanta a mheasúnú.

Déanann PIAB cúiteamh a mheasúnú maidir le díobhálacha pearsanta a fhulaingíonn daoine i dtimpistí mótair, i dtimpistí san áit oibre agus i dtimpistí dliteanais phoiblí.

Ní mór go dtagann gach éileamh díobhála pearsanta trí PIAB, mura réitítear é go luath idir éilitheoirí agus árachóirí/freagróirí.

Tá breis is 130,000 cás measta ag PIAB ó bunaíodh é in 2004 agus tá a chuid measúnaithe glactha ag breis is 60 faoin gcéad d'éilitheoirí.

Thóg sé 7.2 mí ar an meán chun measúnú a dhéanamh ar éileamh in 2018 agus chosain an seachadadh 6.1% de na dámhachtainí ar an meán.

Is féidir éilimh a réiteach trí: réiteach díreach idir na páirtithe, measúnú PIAB, nó dlíthíocht. Cinntear leibhéil foriomlána damáistí le cinntí cúirte i ndeireadh na dála, agus caomhnaíonn samhail PIAB an ceart bunreachtúil rochtana ar na cúirteanna.

Gearrtar táille €600 in aghaidh an cháis ar árachóirí/freagróirí as seirbhís PIAB agus gearrtar €45 ar éilitheoirí. Agus toiliú rochtana faighte ón bhfreagróir, láimhseáiltear formhór na gcásanna PIAB laistigh de 7 mí. I gcomparáid leis sin, d'fhéadfadh cás aga i bhfad níos faide a ghlacadh chun réiteach a bhaint amach agus d'fhéadfadh siad costais phróiseála i bhfad níos airde a thabhú má théann siad ar aghaidh chuig dlíthíocht.

Is féidir le héilitheoirí déileáil le PIAB go díreach nó is féidir leo seirbhísí aturnae a úsáid chun déileáil linn ar a son – ní mór dóibh aon chostas dlí gaolmhar a íoc go ginearálta, áfach.

Foilsímid eolas trédhearcach, an t-eolas is cuimsithí atá ar fáil maidir le héilimh díobhála pearsanta in Éirinn, Leabhar Candaim san áireamh. Glacaimid páirt freisin, go gníomhach agus go comhoibríoch, le comhlachtaí ar nós an Choimisiúin um Dhíobhálacha Pearsanta agus an Ghrúpa Oibre um Chostas Árachais de chuid na Roinne Airgeadais, agus téimid i ngleic go dearfach le gach páirtí leasmhar.

Trí shonraí a fhoilsiú go follasach, agus ós rud é go mbíonn costais níos intuartha ar éilimh mar gheall ar shamhail PIAB, cuireann PIAB le córas cúitimh díobhálacha pearsanta níos éifeachtúla in Éirinn.

# An méid a dhéanaimid

Éascaímid próiseas measúnaithe díobhálacha pearsanta atá cothrom agus follasach ina réitítear éilimh ar chostas íseal seachadta agus ar bhealach tapa agus na neamhsháraíochta.

Téimid i dteagmháil le gach páirtí agus le gach páirtí leasmhar sa phróiseas réitigh éileamh ar bhealach macánta éifeachtúil.

Is samhail dhearfach í an tsamhail atá againn don tsochaí i gcoitinne ós rud é go seachadtar cúiteamh níos tapa, le costais níos ísle agus le torthaí intuartha léi.

# Athbhreithniú Oibriúcháin

Cuspóirí Straitéiseacha PIAB:

- An méid cúitimh atá i dteideal le héilimh díobhála pearsanta a mheas go cothrom agus go cruinn laistigh de shainchúram Bhord Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta ar bhealach tapa.
- Na costais is ísle riaracháin agus is féidir a bhaineann le héilimh díobhála pearsanta a réiteach a chur chun cinn.
- Cultúr nuálaíochta agus sármhaitheasa a chur chun cinn, ag cothú eagraíocht éifeachtúil sholúbtha le foireann spreagtha oilte agus ag uasmhéadú tionchar dearfach na teicneolaíochta.
- Seirbhís níos fearr do chustaiméirí a chur chun cinn, atá dírithe ar rochtain ar eolas faoinár gcuid seirbhísí a bheith ar fáil do chách, arna tacú ag próiseas measúnaithe éilimh atá follasach agus inrochtana agus ag eagraíocht chost-éifeachtúil.
- Leanúint le páirt dhearfach a ghlacadh i dtimpeallacht réitigh éilimh díobhála pearsanta in Éirinn atá ag athrú trí úsáid níos mó a bhaint as samhail na neamhsháraíochta de chuid an Bhoird.



# Cúiteamh a mheas go cothrom agus go cruinn



# Cúiteamh a mheas go cothrom agus go cruinn

Ní mór gach éileamh díobhála pearsanta (le heisceachtaí atá leagtha amach san Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003) a chur faoi bhráid PIAB, mura réitítear go luath é idir éilitheoirí agus árachóirí/ freagróirí. Is féidir le héilitheoirí déileáil go díreach le PIAB nó is féidir leo iarradh ar thríú páirtí, aturnaetha ina measc, a n-éileamh a chur isteach ar a son. Ní mór d'éilitheoirí costais dlí a íoc go ginearálta.

Measann PIAB an cúiteamh atá iníoctha as díobhálacha pearsanta a fuarthas mar thoradh ar thimpiste mótair, ar thimpiste san áit oibre nó ar thimpiste dliteanais phoiblí. Ní mór gach cás dá leithéid a chur faoi bhráid PIAB mura réitítear é ag céim níos luaithe idir na páirtithe. I gcás go dtoilíonn an freagróir (an páirtí a bhfuil an t-éileamh á dhéanamh ina leith) do mheasúnú PIAB, cuirtear an measúnú i gcrích go sciobtha – laistigh de bheagán sa bhreis ar sheacht mí ar an meán in 2018. In 2018, bhí líon iomlán de 33,371 iarratas chuig PIAB, agus ba ionann sin agus méadú 0.8% ar fhigiúr 2017 de 33,114. Bhí 18,564 éileamh mótair ann in 2018. Bhí 8,666 éileamh Dliteanais Phoiblí ann in 2018 agus 6,141 éileamh Dliteanais Fostóirí ann. I gcás go nglacann an dá pháirtí leis an measúnú, réitítear an cheist gan ghá le dlíthíocht. Bíonn dámhachtainí infhorfheidhmithe le dlí atá ar aon chéim leis na Cúirteanna mar thoradh air sin. In 2018, rinne PIAB 12,112 dhámhachtain cúitimh de luach €298.55 milliún. I gcomparáid leis sin, bhí 12,663 dhámhachtain in 2017 de luach €315.04 milliún.

Is éard is dámhachtain PIAB ann ná an cúiteamh airgeadais iníoctha le duine aonair a fhulaingíonn díobháil phearsanta. Áirítear leis dhá chineál damáiste. Is iad sin Damáistí Ginearálta as an bpian agus as an bhfulaingt a chruthaigh an díobháil, agus Damáistí Speisialta as caillteanas airgeadais – go dtí seo agus sa todhchaí araon m.sh. caillteanas pá, costas cúraim leighis srl. Baineann na sonraí dámhachtana sa tuarascáil seo le luach iomlán dámhachtana agus ní dhéantar idirdhealú idir Damáistí Ginearálta agus Damáistí Speisialta.

Déantar Damáistí Ginearálta a mheas ag féachaint don Leabhar Candaim. Is treoir é sin maidir le leibhéil chúitimh in Éirinn (ar fáil ag www.piab.ie) agus caithfidh na Cúirteanna a bheith airdeallach faoi freisin faoin Acht um Dhliteanas Sibhialta agus Cúirteanna 2004.

# Cúiteamh a mheas go cothrom agus go cruinn

## Líon agus luach dámhachtainí

Leagtar amach líon agus luach na ndámhachtainí a rinneadh gach bliain ó 2006 i leith i dTábla 1.1.

### Tábla 1.1 Líon agus Luachanna na nDámhachtainí de réir Bliana

| | Líon na nDámhachtainí | Luach na nDámhachtainí |
|---|---:|---:|
| 2018 | 12,112 | €298.55m |
| 2017 | 12,663 | €315.04m |
| 2016 | 12,966 | €315.13m |
| 2015 | 11,734 | €268.45m |
| 2014 | 12,420 | €281.21m |
| 2013 | 10,656 | €243.46m |
| 2012 | 10,136 | €217.94m |
| 2011 | 9,833 | €209.83m |
| 2010 | 8,380 | €186.63m |
| 2009 | 8,643 | €200.22m |
| 2008 | 8,845 | €217.16m |
| 2007 | 8,208 | €181.04m |
| 2006 | 5,573 | €115.28m |
| **Total** | **132,169** | **€3,049.94m** |

### Tábla 1.2 Miondealú ar Dhámhachtainí 2018 de réir Catagóire

| | % | Líon | Meán-luach |
|---|---:|---:|---:|
| Dliteanas Mótair | 70% | 8,529 | €22,682 |
| Dliteanas Fostóirí | 12% | 1,395 | €30,839 |
| Dliteanas Poiblí | 18% | 2,188 | €28,372 |
| **Fo-iomlán** | | **12,112** | |

## Cúiteamh a mheas go cothrom agus go cruinn

**Tábla 1.3 Meánluach Dámhachtainí de réir Catagóire**

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Dliteanas Mótair | €22,682 | €23,234 |
| Dliteanas Fostóirí | €30,839 | €32,015 |
| Dliteanas Poiblí | €28,372 | €27,638 |
| Meán foriomlán | €24,649 | €24,879 |

Léirítear le Tábla 1.3 meánluach na ndámhachtainí i ngach catagóir in 2018 i.e. Dliteanas Mótair, Dliteanas Fostóirí agus Dliteanas Poiblí, le figiúr comparáideach 2017.

Féadann líon éagsúil cásanna a bheith ann ó bhliain go bliain, lena léirítear athruithe sa timpeallacht eacnamaíoch agus sreabhadh na n-éileamh nua agus na bpatrún réitigh príobháidigh. Féadann éagsúlacht sa mheán-dámhachtain a bheith ann mar thoradh ar athruithe ar líon na n-éileamh, ar chatagóir agus ar dhéine. Tháinig laghdú beag ar an meán-dámhachtain in 2018 i gcomparáid le figiúr na bliana roimhe.

I rith 2017, agus ar aon dul le blianta roimhe, bhí meán-dámhachtainí i gcatagóir an Dliteanais Fostóirí níos airde ná i gcatagóirí eile, rud lena léirítear cé chomh tromchúiseach agus casta is a bhíonn na díobhálacha a fhaightear i dtimpistí san áit oibre.

### Raon Dámhachtainí

Ba í an dámhachtain is airde in 2018 €908,749.

Bhí breis is leath na ndámhachtainí iomlána de chuid PIAB in 2018 faoi bhun €20,000 (6,395 chás).

Bhí formhór mór na ndámhachtainí díobhála pearsanta in 2018 (10,523) faoi €38,000 i luach dámhachtana.

Bhí dámhachtainí sa bhreis ar €100,000 i gcás 109 éileamh, mar a léirítear i dTábla 1.4.

**Tábla 1.4 Miondealú ar Líon Iomlán na nDámhachtainí in 2018 (de réir Luacha agus na Catagóire Éilimh)**

| Catagóir Meánluacha (€'anna) | Dliteanas Mótair | Dliteanas Fostóirí | Dliteanas Poiblí | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| <20k | 4,935 | 503 | 957 | 6,395 |
| 20-38k | 2,812 | 567 | 749 | 4,128 |
| 38-100k | 716 | 307 | 457 | 1,480 |
| >100k | 66 | 18 | 25 | 109 |
| Uile | **8,529** | **1,395** | **2,188** | **12,112** |

## Cúiteamh a mheas go cothrom agus go cruinn

### Meán-Dámhachtain de réir Réigiúin/Catagóire

**Tábla 1.5**

| BAILE ÁTHA CLIATH | Meán -Dámhachtain 2018 |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €21,856 |
| Dliteanas Fostóirí | €26,122 |
| Dliteanas Poiblí | €27,046 |

| AN CHUID EILE DE CHÚIGE LAIGHEAN | Meán -Dámhachtain 2018 |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €23,277 |
| Dliteanas Fostóirí | €32,410 |
| Dliteanas Poiblí | €30,535 |

| CÚIGE CHONNACHT CÚIGE ULADH | Meán -Dámhachtain 2018 |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €24,194 |
| Dliteanas Fostóirí | €37,655 |
| Dliteanas Poiblí | €32,885 |


| CÚIGE MUMHAN | Meán -Dámhachtain 2018 |
|---|---|
| Dliteanas Mótair | €22,379 |
| Dliteanas Fostóirí | €32,936 |
| Dliteanas Poiblí | €26,593 |

Léirítear i dTábla 1.5 agus in aguisíní na tuarascála seo miondealú na meán-dámhachtana de réir catagóire ar bhonn réigiúnach. Léirítear éagsúlachtaí réigiúnacha i nádúr sainiúil na dtimpistí a bhí i gceist. Is féidir teacht ar anailís mhionsonraithe ar na dámhachtainí de réir réigiúin agus contae san Aguisín.

### Amlíne Mheasúnaithe

Tá oibleagáid ar PIAB faoina Acht 2003 éilimh a mheasúnú laistigh de 9 mí ó thoiliú an fhreagróra (iad siúd atá ag freagairt ar éilimh – árachóirí ar son sealbhóirí polasaithe de ghnáth) a fháil ar phróiseas an mheasúnaithe. Tá cúinsí eisceachtúla ann ina bhféadtar an amlíne 9 mí a shíneadh. Léirítear le torthaí 2018 PIAB gur thóg sé 7.2 mí ar an meán ón Dáta Toilithe go Dáta na Dámhachtana. Seo bealach i bhfad níos gasta agus níos éifeachtaí ná bealaí eile lasmuigh de shamhail PIAB lena bhféadfaí an iliomad mionna a ghlacadh chun réiteach a fháil, agus costais phróiseála i bhfad níos airde ná costais PIAB.

# Costais riaracháin is ísle is féidir á seachadadh



# Costais riaracháin is ísle is féidir á seachadadh

D'oibrigh PIAB ar chostas nialasach don Státchiste arís in 2018. Ní tharraingíonn sé anuas cistí agus ina theannta sin, cuireann sé go suntasach leis an ngeilleagar i dtéarmaí earraí agus seirbhísí a cheannach trí sholáthar poiblí agus trí chánachas (ÍMAT/ÁSPC, PSWT agus CBL).

Tagann ioncam PIAB ó na táillí a ghearrann sé, go príomha ó fhreagróirí (nó óna n-árachóirí) le táille réasúnta iarratais ó éilitheoirí freisin. Gearrtar táille €600 ar fhreagróirí agus €45 ar éilitheoirí faoi láthair, agus leagtar amach iad leis an reachtaíocht.

Bhí costais oibriúcháin€127k níos ísle ná 2017 rud lena dtugtar chun suntais an fócas leanúnach ar luach ar airgead a fháil in 2018 sna soláthairtí agus sna seirbhísí arna bhfáil ag PIAB agus ar chostais a bhainistiú.

Úsáideadh córas tairisceana iomaíche agus conarthaí Rialtais Lárnaigh d'fhonn coigilteas agus éifeachtúlachtaí a bhaint amach i réimsí amhail Caidreamh Poiblí/Cumarsáid, Seirbhísí Priontála Bainistithe agus Seirbhísí Sláinte Ceirde. Sa bhreis air sin, rinneadh idirbheartaíochta conarthaí in 2018 chun méaduithe ar tháillí poist a fhritháireamh.

## Athbhreithniú ar Ídiú Fuinnimh in 2018

Mar ghníomhaireacht san earnáil phoiblí, táimid lán-tiomanta dár bpáirt a ghlacadh maidir le spriocanna éifeachtúlachta fuinnimh (laghdú) 33% a bhaint amach ón mbliain bhunlíne 2009 go dtí 2020. Amhail Nollaig 2018, bunaithe ar fhigiúirí a tugadh d'Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), bhaineamar amach feabhsú 63.4% ón mbunlíne.

In 2018, d'ídigh PIAB 150,503 KWh fuinnimh, in úsáid leictreachais amháin; ba é seo an chéad uair iomlán d'ídiú leictreachais ó rinneadh na hoibreacha athchóirithe. Is ionann úsáid 2018 ina hiomláine agus laghdú 36,897KWh ar úsáid 2017.

Glacann PIAB páirt i gcomhaontú creatlaí chun leictreachas a sholáthar arna fháil go lárnach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais.

Tá PIAB feasach ar a chuid freagrachtaí maidir le saincheisteanna inbhuanaitheachta. Chuireamar roinnt tionscnamh glas i bhfeidhm lena n-áirítear úsáid iompair phoiblí ag an bhfoireann a chur chun cinn faoin scéim um choigilteas cánach, rochtain don fhoireann ar scéim um rothaíocht chun na hoibre, úsáid gabhdán athchúrsála agus beart éifeachtúlachta fuinnimh lena n-áirítear soilse arna ngníomhachtú ag braiteoirí a shuiteáil in oifigí. Leanfaidh PIAB le bearta riachtanacha a chur i bhfeidhm, nuair is féidir, d'fhonn ár lorg carbóin a laghdú.

## Gníomhaíochtaí ar Tugadh Fúthu in 2018

- Feasacht leanúnach foirne a dhéanamh maidir le caomhnú fuinnimh.
- Monatóireacht ar choigilteas ón athchóiriú foirgneamh arna dhéanamh in 2017.

# Costais riaracháin is ísle is féidir á seachadadh

## Gníomhaíochtaí atá Beartaithe do 2019

In 2019, tá sé ar intinn againn an méid a leanas a chur i gcrích:

- tionscadal uasghrádaithe deisce a dhéanamh
- rannpháirteachas le comhlachtaí poiblí eile a chur chun feidhme
- feasacht leanúnach foirne a dhéanamh maidir le caomhnú fuinnimh.

## Íoc Pras Cuntas

Sa bhliain go dtí an 31 Nollaig 2018, bhí 87% íocaíochtaí déanta laistigh de 15 lá agus rinneadh 99.8% laistigh de 30 lá.

| Íocaíochtaí Prasa | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Líon Iomlán na Sonrasc a íocadh | 23,719 | 25,887 |
| Luach Iomlán na nÍocaíochtaí | €16,871,145 | €19,001,112 |
| Líon Iomlán na Sonrasc a íocadh tar éis 30 lá | 46 | 246 |
| Ús Iomlán agus Cúiteamh um Íocaíocht Phras | €2,592 | €4,207 |

## Costais Seachadta

In 2018, sheachaid PIAB leibhéal reatha an chúitimh ar chostas seachadta 6.1%. Níl ár gcuid costas seachadta bunaithe ar chéatadán luach na dámhachtana ach is táillí seasta iad den chuid is mó. Is laghdú é sin ar fhigiúr na bliana roimhe de 6.2%.

A mhéid cásanna a fhéadtar a phróiseáil trí shamhail ísealchostais PIAB, is mó tionchair a bhíonn ar chostais éilimh ar an iomlán atá ar cheann de na fachtóirí lena gcuirtear le leibhéil na bpréimheanna árachais.

In 2018, ghlac custaiméirí PIAB le 6,208 dámhachtain (éilitheoirí agus freagróirí), mar a léirítear i dTábla 2.1 thíos.

**Tábla 2.1 Líon Iomlán agus Luach Iomlán Dhámhachtainí Glactha PIAB**

| | 2018 | 2017 | 2016 | 2015 | 2014 | 2013 | 2012 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Líon na nDámhachtainí Glactha | 6,206 | 6,788 | 7,071 | 6,716 | 7,519 | 6,476 | 6,124 |
| Luach Iomlán Dámhachtainí Glactha | €153.60m | €168.86m | €168.68m | €151.35m | €165.97m | €142.57m | €127.62m |
| Costais Iomlána Sheachadta PIAB | €9.45m | €10.46m | €10.72m | €9.84m | €11.17m | €10.76m | €11.47m |

# Cultúr nuála, sármhaitheasa agus éifeachtúlachta a chur chun cinn



# Cultúr nuála, sármhaitheasa agus éifeachtúlachta a chur chun cinn

## Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide

Is é atá i gceist le próiseas PIAB faisnéis a phróiseáil a bhaineann le héilitheoirí agus le freagróirí agus tá Teicneolaíocht Faisnéise & Teicneolaíochta (TFC) ríthábhachtach don eagraíocht.

Oibrítear córasi/feidhmchláir PIAN go normálta ar feadh na bliana agus soláthraíodh infhaigheacht 99.6% ar chórais d'úsáideoirí le linn uaireanta oibre. Déileáladh le hiarratais ar sheirbhísí ar aon dul le Comhaontuithe Seirbhíse atá i bhfeidhm le soláthraithe seirbhísí TF bainistithe.

Tá clár infheistíochta leanúnach i TFC i bhfeidhm ag PIAB. Tríd an teicneolaíocht agus na seirbhísí ar líne a úsáid, bhíomar in ann cáilíocht na seirbhísí agus rochtain do chustaiméirí a fheabhsú, mar aon le héifeachtúlachtaí a spreagadh.

Áirítear lenár n-infheistíochtaí i réimse TFC uasghrádú agus athsholáthar crua-earraí agus bogearraí, i dteannta le sainseirbhísí a úsáid d'fhonn ár saineolas intí a mhéadú ar bhealach cost-éifeachtúil agus éifeachtach. Áiríodh le hinfheistíocht le linn na bliana obair ar sheirbhísí ar líne, ar sheirbhísí TF bainistithe agus ar sheirbhísí óstála.

Bhí oiliúint agus seisiúin faisnéise ar siúl thar an eagraíocht maidir le hábhair teicneolaíochta faisnéise ábhartha le linn na bliana.

## Ardáin ar líne

Bíonn an eagraíocht forchéimnitheach maidir lena gcórais a thabhairt isteach agus a uasghrádú d'fhonn riachtanais ghnó a chomhlíonadh. Go háirithe, méadaíodh na seirbhísí ar líne ar tairiscint ag PIAB le linn 2018 agus rinneadh feabhsúcháin ar an gcóras iarratais ar líne agus ar sholáthar Thairseach PIAB do Dhlíodóirí.

Bhí cláir oibre mhóra i gceist leis na gcórais sin. Bhí obair fhairsing ar thionscadail TF ar siúl le linn 2018 chun tacú le forbairt agus feidhmiú céimneach Thairseach Ghréasáin PIAB do Dhlíodóirí. Glacadh go maith leis sin agus leanann líon na n-úsáideoirí ó lucht an dlí chun dul i méid. I measc na mbuntáistí a bhaineann léi, soláthraítear rochtain leis an tairseach ar fhaisnéis fhíor-ama maidir le héilimh agus an dul chun cinn ina leith.

San áireamh le tionscnaimh eile le linn na bliana bhí nuashonruithe ar an láithreán gréasáin, an tSeirbhís Priontála Bhainistithe a athsholáthar agus roinnt taighde thosaigh ar an méid a d'fhéadfadh na chéad leaganacha eile de chórais TF PIAB a sholáthar.

# Cultúr nuála, sármhaitheasa agus éifeachtúlachta a chur chun cinn

## Saoráidí

Tá PIAB suite ar dhá urlár ag Grain House, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht. Tá an t-áitreabh ar léas ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) agus íocann an Bord as costais an léasa. Áiríodh le príomhfhorbairtí le linn 2018:

- Seirbhís Bainistíochta Saoráidí a fháil
- Scáthláin arna gcur i seomraí cruinnithe chun oibriú comhoibríoch a fheabhsú
- ástáil ar Ghairis In-iompartha (PAT) arna gcur i gcrích laistigh d'áitribh PIAB

## GDPR (An Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí)

Chuir PIAB tionscadal mór ullmhachta 8 mí i bhfeidhm chun ullmhú do theacht i bhfeidhm an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR). Rinneadh an tionscadal ullmhachta a threorú ag anailís le sainchomhairleoirí neamhspleácha um chosaint sonraí, trína ndearnadh aon réimsí breise a shainaithint a bheidh le clúdach ag beartais, nósanna imeachta agus cleachtas PIAB.

Rinneadh gach ceann de bheartais agus de nósanna imeachta PIAB um próiseáil sonraí agus príobháideacha sonraí a athbhreithniú agus a nuashonrú nuair ba ghá leis sin, d'fhonn ullmhacht a chinntiú do chur i bhfeidhm an Achta um Chosaint Sonraí i mBealtaine 2018. Cuireadh nuashonruithe ar chonarthaí i bhfeidhm le gach soláthraí chun an GDPR a chomhlíonadh agus cuireadh comhaontuithe próiseála sonraí nua i bhfeidhm leis na soláthraithe is mó.

Tugann PIAB meas do chearta príobháideachais daoine a bpróiseálann sé a gcuid Sonraí Pearsanta agus tá sé tiomanta d'oibriú chun reachtaíocht um Chosaint Sonraí a chomhlíonadh agus do chaitheamh le Sonraí Pearsanta ar bhonn slán agus le cúram. Tá Cód Cleachtais um Chosaint Sonraí, Ráiteas Príobháideachais agus Beartas um Fhianáin aige atá cuimsitheach.

# Seirbhís den scoth do chustaiméirí a chur chun cinn



# Seirbhís den scoth do chustaiméirí a chur chun cinn

Ó thús báire in 2004, thug PIAB tús áite dá sheirbhís do na custaiméirí dá chuid. San áireamh leis na custaiméirí sin tá raon leathan de ghrúpaí, lena n-áirítear ar dtús iad siad a d'fhulaing díobháil agus a bhfuil machnamh á dhéanamh acu ar éileamh a dhéanamh nó a bhfuil éileamh déanta acu, agus iad siúd a bhfuil éileamh déanta ina gcoinne, ar a dtugtar an téarma dlíthiúil "freagróirí". Go minic bíonn an dá ghrúpa sin ag dul i dteagmháil linn don chéad uair riamh, agus an gá le teagmháil a dhéanamh linn spreagtha ag an struis a bhaineann le timpiste.

Le blianta fada anois bhí Cairt do Chustaiméirí agus Beartas Gearán ar ár láithreán gréasáin, agus dhíríomar i gcónaí ar a dheimhniú go mbeadh custaiméirí in ann faisnéis a aimsiú go simplí trínár láithreán gréasáin a úsáid, nó trí bheith in ann labhairt le duine ag a bhfuil seantaithí, inár Lárionad Seirbhíse i gCloich na Coillte, Co. Chorcaí nó inár Lárionad Measúnaithe i mBaile Átha Cliath.

Táimid comhfhiosach freisin go n-áirítear lenár bpáirtithe leasmhara sealbhóirí polasaithe árachais a íocann préimheanna agus dá bhrí sin tá leas díreach acu in éilimh agus i gcostais. Táimid feasach, freisin, ar an ngá le seirbhís ghasta agus éifeachtúil a sholáthar do ghairmithe míochaine agus dlí, d'ionadaithe an phobail, d'árachóirí, don saol acadúil, d'eagraíochtaí gnó nó tomhaltóirí agus dóibh siúd a cheapann beartas nó a chuireann le ceapadh beartais maidir le hárachas, sábháilteacht agus dlíthíocht.

## Suirbhé ar Chustaiméirí

In 2018, rinne PIAB suirbhé ar sheirbhísí do chustaiméirí maidir le daoine a phléann go díreach lenár bhfoireann, agus léiríodh an méid a leanas leis na torthaí:

- dúirt 99% de na custaiméirí gur phléadh lena gcuid cumarsáide ar bhealach a bhí cúirtéiseach, cuiditheach agus cairdiúil.
- chreid 92% de na custaiméirí go raibh na daoine lena ndearna siad teagmháil i PIAB eolach agus feasach ar na roghanna a bhí ar fáil.
- chreid 90% díobh siúd ar a ndearna suirbhé go raibh tuiscint iomlán acu ar phróiseas iarratais PIAB mar thoradh ar ár gcumarsáid leo.
- dúirt 84% go raibh siad an-sásta nó sásta lena dteagmháil lenár bhfoireann.
- chreid 79% gurbh é próiseas PIAB an modh chun éileamh a dhéanamh maidir le damáistí díobhálacha pearsanta lenar bhain an costas próiseála is ísle agus gurbh é sin an modh is gasta.

Déanann PIAB a dhícheall chun seirbhís den scoth a sholáthar do chustaiméirí agus tá clár dearbhaithe cáilíochta cuimsitheach i bhfeidhm aige chun tacú le seachadadh seirbhíse dá leithéid.

Tá an teagmháil a bhíonn aige le héilitheoirí agus le dlíodóirí ag athrú ar bhonn suntasach trí úsáid modhanna leictreonacha chun iarratais a dhéanamh nó a phróiseáil, rud atá ag dul i méid.

Leanadh le láithreán gréasáin PIAB a nuashonrú le linn 2018.

## Seirbhís den scoth do chustaiméirí a chur chun cinn

Soláthraítear an méid a leanas leis:

- Faisnéis faoin bpróiseas éilimh.
- Foirmeacha in-íoslódála (foirm iarratais ar éileamh agus foirm mhíochaine).
- Treoir PIAB d'éilitheoirí.
- Treoir PIAB do fhreagróirí
- Faisnéis a bhaineann leis an mBord lena n-áirítear a chúlra agus stair
- Nuacht agus foilseacháin lena n-áirítear ráitis do na meáin agus tuarascálacha bliantúla.

### Tairseach do Dhlíodóirí

Cuireadh tairseach ghréasáin PIAB do dhlíodóirí i bhfeidhm go céimneach in 2017 agus fairsingíodh ar bhonn suntasach líon na ndlíodóirí a bhain úsáid aisti in 2018. Is ardán slán gréasán-bhunaithe í ina bhféadann úsáideoirí údaraithe rochtain a fháil ar fhaisnéis a bhaineann le héilimh a gcliaint agus dul i dteagmháil le PIAB.

Baineann buntáistí mór le húsáid na tairsí sin do dhlíodóirí, agus i ndeireadh na dála dóibh siúd uile a íocann as costais na próiseála éileamh trí phréimheanna, mar tá sé níos éifeachtúla agus baineann coigilteas léi i dtéarmaí costas agus ama.

Soláthraítear tairbhí le Tairseach PIAB do Dhlíodóirí lena n-áirítear:

- Rochtain ar fhaisnéis fhíor-ama maidir le héilimh.
- Saoráid chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le hiarratais ar éilimh.
- Admháil uathoibrithe den dáta stoptha de réir reachta ar chur isteach iarratais (seo tairbhe uathúil nach bhfuil ar fáil ach d'úsáideoirí a chuireann éilimh isteach tríd an tairseach).
- Rochtain éasca ar fhaisnéis
- Costais laghdaithe maidir le stóráil/páipéar agus riarachán
- Infheictheacht na sonraí measúnaithe roimh a bhfáil ag cliaint.
- Roghanna um íocaíocht ar chuntas.

Rinneamar dul chun cinn lenár n-aistriú go teicneolaíocht nua a úsáid chun éilimh a fháil agus a phróiseáil. Chláraigh 829 ngnólacht dlíodóirí chun Tairseach PIAB do Dhlíodóirí a úsáid le linn 2018, agus líon iomlán de 847 ndlíodóir cláraithe ón seoladh. In 2018, cuireadh 2,515 éileamh isteach trí láithreán gréasáin PIAB nó tríd an Tairseach.

Feabhsófar an tseirbhís do chustaiméirí nuair a dhéanfar forbairt bhreise ar an Tairseach do Dhlíodóirí in 2019.

# Seirbhís den scoth do chustaiméirí a chur chun cinn

## Seirbhís

Córas riaracháin páipéarbhunaithe atá éasca le húsáid is ea samhail PIAB gan aon éisteachtaí ó bhéal ná próisis sáraíochta, agus cuirimid go leor tacaí ar fáil d'éilitheoirí a bhíonn ag iarraidh a n-éileamh a láimhseáil iad féin.

Sa bhreis ar an láithreán gréasáin dár gcuid, ar a dtugadh 161,153 chuairt in 2018, soláthraímid faisnéis freisin bealach ár bhfotha Twitter.

Oibrímid seirbhís comhrá ar líne, agus freagraímid ceisteanna le ríomhphost freisin, sa bhreis ar an teagmháil ar theileafón lenár bhfoireann.

Cuireann Lárionad Seirbhíse PIAB an méid a leanas ar fáil


- Eolas mionsonraithe agus cúnamh d'éilitheoirí agus freagróirí ionchasacha maidir le héilimh a chur chun cinn;
- Treoir mhionsonraithe agus cúnamh d'éilitheoirí atá ag cur iarratais i gcrích; agus
- Deis chun cainte le pearsanra ar uimhir ghlao áitiúil 1890 829 121 ó 8rn go 6in ó Luan go hAoine.

Déileálann an Lárionad Seirbhíse le Gníomhairí eile freisin m.sh. Aturnaetha, Cuideachtaí Árachais, Dochtúirí agus Speisialtóirí.

## Staitisticí na seirbhíse do chustaiméirí

Le linn na bliana láimhseáil ár Lárionad Seirbhíse 43,343 ghlao isteach a láimhseáil, mar aon le comhfhreagras a bhain le héilimh reatha agus le 33,371 éileamh nua, 103,443 ríomhphost isteach agus 7,713 fhacs isteach. D'eagraigh ár Lárionad Seirbhíse 22,416 choinne míochaine.

# Ag cur go dearfach leis an Timpeallacht Réitithe Éileamh



# Ag cur go dearfach leis an Timpeallacht Réitithe Éileamh

Bunaíodh PIAB chun an córas réitithe éileamh um dhíobhálacha pearsanta in Éirinn a fheabhsú trí líon na gcásanna a théann os comhair na gcúirteanna a laghdú go substaintiúil agus trí éilimh a phróiseáil agus a mheasúnú go gasta agus ar chostas íseal. Roimh bhunú PIAB, ní raibh an dara rogha ag éilitheoir a d'fhulaing díobháil phearsanta ach chun an t-éileamh dá c(h)uid a phlé tríd an gcóras dlíthíochta.

Trí samhail na neamhsháraíochta PIAB seachadtar dámhachtainí ar bhonn níos gasta d'éilitheoirí ar chostas próiseála atá i bhfad níos ísle ná trí bhealaí eile agus dlíthíocht san áireamh. Ba ionann costais iomlána seachadta PIAB in 2018 agus €9.45m (6.1% de chostas na ndámhachtainí a seachadadh). Léirítear leis sin an coigilteas mór a bhaintear amach trí úsáid chóras PIAB i gcomparáid leis na costais a bheadh ina dtoradh dá ndéanfaí na cásanna a phlé trí dhlíthíocht. Mheas an Grúpa Oibre um Chostas Árachais nuair a théann cásanna trí dhlíthíocht lasmuigh de phróiseas PIAB is ionann na costais dhlíthiúla bhreise agus costais eile agus 40% den dámhachtain ar deireadh thiar. Seasann gach duine a íocann as préimheanna árachais na costais bhreise sin agus déanann PIAB iarracht, trína gcuid oibríochtaí, chun comhrogha is lú costas agus níos gasta a sholáthar.

Sa bhreis ar na laghduithe an-suntasacha a éascaíonn PIAB ar éilimh a phróiseáil mar atá leagtha amach thuas, tá PIAB tiomanta freisin do ról gníomhach a bheith aige maidir le feabhsuithe a athbhreithniú, a anailísiú agus a chur chun cinn ar an timpeallacht réitithe éileamh ghinearálta. Déanann PIAB an méid sin trí rannpháirtíocht rialta le páirtithe leasmhara, trí pháirt ghníomhach a ghlacadh i gcomhlachtaí i réimsí an bheartais agus nós imeachta, agus trí na sonraí is mionsonraithe a sholáthar atá ar fáil faoi láthair in Éirinn maidir le cúiteamh um dhíobhálacha pearsanta.

## An Coimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta (PIC)

Mhol an Grúpa Oibre um Chostas Árachais go mbunófaí Coimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta chun roinnt réimsí a iniúchadh lena n-áirítear chun na nithe a leanas a dhéanamh:

- córais le haghaidh éilimh um dhíobhálacha pearsanta a mheasúnú go háirithe éilimh um fhíochán bog ('fuiplasc'), ag díriú ar chúiseanna, minicíocht, diagnóis, cóireáil agus leibhéil iomchuí cúitimh;
- cleachtas tagarmharcála ardleibhéil a dhéanamh ar dhámhachtainí idirnáisiúnta maidir le héilimh um dhíobhálacha pearsanta i gcoinne éilimh intíre de réir mar a dhéantar tagairt dóibh sa Leabhar Candaim agus;
- anailís agus tuairisciú a dhéanamh ar shamhlacha comhroghnacha cúitimh agus réitigh go hidirnáisiúnta ag díriú ar chórais an dlí choitinn agus fachtóirí amhail leas sóisialta, cúram sláinte agus fachtóirí eile a dtabhairt san áireamh a bhaineann le gach dlínse.

## Ag cur go dearfach leis an Timpeallacht Réitithe Éileamh

Bunaíodh an PIC go luath i Meán Fómhair 2017.Cuireadh an Dara Tuarascáil, Tuarascáil Dheiridh dá chuid, i gcrích i Meitheamh 2018 agus foilsíodh í in 2019 tar éis don Rialtas machnamh a dhéanamh uirthi. Ghlac PIAB páirt iomlán in obair an PIC mar bhall, agus chuir sé fáilte roimh a chuid moltaí. Bhí iar-Uachtarán na hArd-Chúirte, an tUasal Nicholas Kearns, ina chathaoireach ar an PIC. Bhí ról gníomhach agus an-chuiditheach ag PIC in obair thábhachtach an chomhlachta sin thar 2017 agus 2018. Áiríodh leis sin foireann shaineolaíoch a thabhairt ar iasacht chun cuidiú le hobair an Choimisiúin maidir lena chuid tuarascálacha a thaighde, a anailísiú agus a tháirgeadh. Ba cheann de phríomh-mholtaí a tháinig as an Tuarascáil ar Chostas Mótarárachais 2017 de chuid an Ghrúpa Oibre um Chostas Árachais ná bunú an Choimisiúin um Dhíobhálacha Pearsanta (PIC).

D'fhoilsigh an PIC dhá thuarascáil,.agus tá achoimre ghairid orthu curtha ar fáil thíos.

### 1ú Tuarascáil ag Deireadh 2017 - Nósanna Imeachta Iniúchta agus Tuairiscithe Nua maidir le Díobhálacha um Fhíochán Bog ('Fuiplasc')

Mhol an PIC go nglacfaí le grádú um Neamhord Bainteach le Fuiplasc (WAD), leis an Innéacs um Míchumas Muiníl (NDI) agus leis an Scála Analógach Amhairc (VAS) maidir le pian i dtuairisciú míochaine in Éirinn. Ba cheart úsáid an chórais sin a áireamh i ngach scrúdú agus tuarascáil mhíochaine ar fhíochán bog ('fuiplasc'). Leis an gcóras nua feabhsófar cáilíochta na bpróiseas um dhíobhálacha pearsanta in Éirinn agus ar an mbealach sin soláthrófar tairbhí substaintiúla chun leasa na sochaí i gcoitinne. Go sainiúil, is é an aidhm atá aige comhsheasmhacht níos mó a chruthú maidir le scrúdú, tuairisciú míochaine agus diagnóis i dtaca le díobhálacha. Tá an caighdeán scrúdaithe agus tuairiscithe idirnáisiúnta sin in úsáid cheana féin ag roinnt gairmithe míochaine. D'iarr an PIC ar PIAB chun tacú le cur chun feidhme an mholta.

Chuir PIAB tús leis an bhfeidhmiú céimneach in 2018 den cheanglas chun an teimpléad agus córas nua a úsáid agus leanann sé le cúnamh a sholáthar i dtéarmaí an mholta chomhpháirtigh ag Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann (ICGP) agus ag Coláiste Ríoga na Máinleá in Éirinn (RCSI) chun cur chun feidhme moltaí thuarascáil 1 fhoriomlán PIAB a bhaineann le míochaine a éascú lena n-áirítear clár oiliúna agus creidiúnaithe iomchuí a fhorbairt agus a chur chun feidhme lena gcuirfear taca leis.

Tá obair fós á déanamh air sin ag PIAB i gcomhar le páirtithe leasmhara eile.

### An 2ú Tuarascáil agus Tuarascáil Dheiridh Meán Fómhair 2018

Bhí sonraí tagarmharcála sa tuarascáil sin maidir le costais éileamh in Éirinn agus i Sasana agus sa Bhreatain Bheag, mar aon le roinnt moltaí móra lenar áiríodh an Comhairle Bhreithiúnach a bhunú agus treoirlínte a leagan amach ag an gcomhlacht sin maidir le dámhachtainí cúitimh i dtaca le díobhálacha éagsúla, go sonrach i gcásanna a bhaineann le díobhálacha fuiplaisce

# Ag cur go dearfach leis an Timpeallacht Réitithe Éileamh

## An Grúpa Oibre um Chostas Árachais

Thug an Grúpa Oibre na Ranna agus na hOifigí ábhartha uile le chéile. Is é a bhí i gceist leis an gcéad chéim iniúchadh ar earnáil an Mhótarárachais agus áiríodh léi moladh chun Coimisiún um Dhíobhálacha Pearsanta a bhunú (an PIC). Is é a bhí i gceist leis an dara céim iniúchadh ar earnálacha Árachais Dliteanais Fostóirí agus Árachais Dliteanais Phoiblí.

Tá an tAire Stáit ag an Roinn Airgeadais, Michael D'Arcy T.D., ina chathaoirleach ar an nGrúpa Oibre um Chostas Árachais agus lean siad chun dul chun cinn a dhéanamh in 2018 san athbhreithniú sá chuid ar na fachtóirí lena n-imrítear tionchar ar chostas méadaithe árachais.

Bhí feidhmeannaigh shinsearacha PIAB ina rannpháirtithe an-ghníomhacha in obair an Ghrúpa Oibre, agus cuireadh na moltaí uile maidir le gníomhaíochtaí chuige seo le seachadadh ag PIAB chun feidhme.

## Léargais ar Éilimh agus ar Bheartas

Agus ár sainchúram maidir le dámhachtainí cúitimh a sheachadadh á chomhlíonadh, bailímid sonraí suntasacha ar dhíobhálacha agus ar chúinsí na dtimpistí i réimse leathan suíomhanna. Tá próisis fhairsinge i bhfeidhm againn chun príobháideachas na ndaoine is ábhair na sonraí a chosaint. Trí úsáid sonraí anaithnidithe soláthraítear léargas tábhachtach ar fáil ar na cineálacha díobhálacha a fhulaingíonn daoine agus ar na cineálacha timpistí ina mbíonn baint acu.

Le linn 2018 chuamar ar aghaidh chun méid suntasach de shonraí breise a fhoilsiú ag leanúint ónár dtosú ar shonraí a chomhthiomsú maidir le ICD-10 (córas idirnáisiúnta um aicmiú míochaine). D'eisíomar ábhar do na meáin agus ar an láithreán gréasáin dár gcuid maidir le dámhachtainí cúitimh díobhálacha a bhain le fuiplasc mar thoradh ar thimpistí bóthair in Éirinn. Trí fhoilsiú na sonraí sin ag PIAB comhlíonadh moladh ón gcéad tuarascáil ón PIC, agus bhí anailís ar thimpeall ar 4,500 dámhachtain a rinneadh sna chéad sé mhí de 2018 i gceist leis.

Féadann an t-eolas staitistiúil sin a bheith úsáideach go háirithe dóibh siúd atá freagrach as bainistíocht riosca agus cosc timpistí, agus Gníomhaireachtaí Stáit eile san áireamh.

Trínár gcuspóir a sheachadadh de chur go dearfach leis an timpeallacht um réiteach éileamh díobhálacha pearsanta in Éirinn atá ag athrú, agus úsáid níos mó á baint as samhail na neamhsháraíochta de chuid an Bhoird, déanaimid teagmháil fhairsing.

Soláthraímid faisnéis go follasach don lucht ceaptha beartas a chuidíonn lena gcuid oibre féin agus soláthraímid faisnéis fhíriciúil agus ábhar mínitheach do dhaoine a d'fhulaing timpiste agus ag a bhfuil an rogha ár samhail a úsáid.

Creideann PIAB go bhfuil gá le sonraí follasacha maidir le cásanna a réitítear lasmuigh de phróiseas PIAB nó de phróiseas na gcúirteanna, d'fhonn faisnéis iomlán a thabhairt ar shonraí éileamh.

# Ag cur go dearfach leis an Timpeallacht Réitithe Éileamh

## Páirtithe leasmhara

Cuirimid eolas ar fáil do réimse leathan páirtithe leasmhara ón earnáil ghnó, dlí agus árachais agus ó réimsí tomhaltóirí, agus do speisialtóirí acadúla i réimsí an chúitimh dhíobhálacha agus árachais. Freastalaímid ar chomhdhálacha agus ar sheimineáir agus glacaimid páirt ghníomhach iontu, agus soláthraímid an léargas atá againn ar réimsí ina bhféadtar feabhsuithe a dhéanamh. Le linn 2018, bhuaileamar le réimse leathan d'eagraíochtaí, agus d'fhreastalaíomar ar chomhdhálacha ábhartha.

San áireamh leis na páirtithe leasmhara lena mbuaileamar le linn na bliana bhí:

Cumann Gluaisteán na hÉireann (AA); an Garda Síochána; Chambers Ireland (Cumann Chomhlachais Tráchtála na hÉireann); Comhairle Bharra na hÉireann; Bróicéirí Éireann (Brokers Ireland); Banc Ceannais na hÉireann; Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann; an tSeirbhís Chúirteanna; an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí; IBEC (Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann); an Comhaontas um Athchóiriú Árachais; Coláiste Dhochtúirí Teaghlaigh Éireann; Comhdháil na gCeardchumann; Comhlachas Chomhairleoirí Ospidéil na hÉireann; Comhlachas na nGnólachtaí Beaga; Gnóthais Bheaga agus Mheánacha na hÉireann (ISME); Árachas Éireann (Insurance Ireland); Dlí-Chumann na hÉireann; an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre; an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta; an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát; Miondíol Éireann (Retail Ireland); Cumann Thionscal Mótar na hÉireann, agus Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann. Sa bhreis ar an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, bhí teagmháil againn leis an Roinn Airgeadais, leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Bhí cruinnithe rialtas againn le grúpaí a ionadaíonn cuideachtaí árachais aonair tomhaltóirí agus gnólachtaí agus le baill na luchtanna dlí agus míochaine agus d'fhreastalaíomar agus labhraíomar ag imeachtaí ábhartha.

I Mean Fómhair 2018, ghlacamar seastán ag imeacht an Mheán-Iarthair *Taking Care of Business* i Luimneach, arna eagrú ag an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, agus sholáthraíomar faisnéis do ghnóthais bheaga agus mheánmhéide ag an imeacht. D'fhreastalaíomar freisin ar raon leathan de chruinnithe de ghrúpaí ó na hearnálacha leighis, sláinte agus sábháilteachta agus árachais le linn 2018.

# Ár nDaoine



# Ár nDaoine

Le linn na bliana, lean PIAB lena luachanna cultúrtha comhaontaithe a chur chun cinn. Is iad sin Comhoibriú, Meas, Oscailteacht agus Ionracas. D'fhorbair PIAB tionscnaimh agus chuir sé iad i bhfeidhm go céimneach chun na luachanna sin a chur chun cinn d'fhonn ar ndaoine a chúiteamh agus aitheantas a thabhairt dóibh agus comhoibriú á chothú ar feadh na bhfoirne uile ag an am céanna.

D'fhorbraíomar clár iomlánaíoch de léachtaí sa sos lóin maidir le Garchabhair (Forbhreathnú ar Gharchabhair d'Aosaigh, Garchabhair Phéidiatraiceach agus Freagairt Garchabhrach Chairdiach, Cúram don Duine Scothaosta) agus maidir le athléimneacht phearsanta agus féinchúram.

Aithnítear go forleathan go mbíonn tionchar dearfach ag gníomhaíochtaí oibre deonaí ar dhaoine aonair, ar eagraíochtaí agus ar an bpobal níos leithne. Is spreagthóir cumhachtach í uaireanta mar obair dheonach maidir le hathrú pearsanta, sóisialta, eacnamaíoch, cultúrtha agus comhshaoil. D'fhéadfadh sé daoine a chumasú a gcuid acmhainne féin a réadú agus scileanna agus eolas nua a ghnóthú, chun nasc a dhéanamh le daoine eile ar bhealach dearfach agus chun a gcumas agus a gcruthaitheacht féin a fhorbairt freisin d'fhonn cur le beogacht a bpobal féin.

Thar an 12 mhí seo a chuaigh thart thug PIAB beartas isteach maidir le Saoire Speisialta chun críocha Carthanachta, Sóisialta agus Cultúrtha, mar is féidir leis an bhfoireann leas a bhaint as saoire gan phá chun críocha seirbhís a dhéanamh sa tír seo le heagraíochtaí deonacha atá rannpháirteach go hiomlán nó i bpáirt in obair charthanachta nó i leas an phobail. Trí iarracht chomhoibríoch chuidigh ár bhfoireann le heagraíocht oibrithe deonacha áitiúil faoi cheannas an phobail i dTamhlacht ar a dtugtar VISIT. Cheannaigh ár bhfoireann málaí codlata agus éadaigh eile, agus chuir siad málaí cúraim le chéile lán de tháirgí pearsanta chun cuidiú leo siúd a raibh cabhair ag teastáil uathu. Aithníodh é sin mar bhealach chun ár dtuiscint a thaispeáint ar fhírinne an tsaoil dóibh siúd atá ar an nganntchuid.

Sheol PIAB tionscnamh um Fheabhsú Leanúnach le linn na bliana. Ligtear don fhoireann trí sin idéanna a chur i láthair/a mholadh chun aon rud sa timpeallacht oibre nó an dóigh ina n-oibrímid a fheabhsú. Cuireadh an tionscnamh sin chun feidhme ina iomláine agus tá Comhordaitheoir um Fheabhsú Leanúnach ag gach foireann laistigh de PIAB agus cuireadh roinnt idéanna i bhfeidhm.

Tá PIAB tiomanta d'fholláine agus do leas na foirne d'fhonn cabhrú le fostaithe a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh agus chun seirbhís rialta éifeachtúil a chur ar fáil agus, ar an gcaoi sin, go mbainfí spriocanna an Bhoird amach. Rinne PIAB scagthástálacha sláinte deonacha agus vacsaíní fliú a thairiscint do chomhghleacaithe uile ar dhá ócáid in 2018 agus leanann sé chun Clár Cúnaimh d'Fhostaithe a sholáthar.

Is cúis bróin dúinn chun a chur in iúl go bhfuair duine dár gcomhghleacaithe bás i mí Feabhra 2018. Ba chuidiú gan sárú agus luachmhar a rinne an comhghleacaí sin don Bhord le linn a shaoil linne, agus crónaímid go mór é.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## Rialachas

Comhlacht Stáit neamhthráchtála is ea Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB). Leagtar amach na feidhmeanna agus na hoibleagáidí dá chuid sna hAchtanna um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 agus 2007. Tá an Bord freagrach as beartais PIAB a fhoirmliú agus as dualgais mhuiníneacha eile PIAB a chomhlíonadh. Tá sé freagrach le chéile as gníomhaíochtaí na heagraíochta a threorú agus a stiúradh. Cé go bhféadann an Bord feidhmeanna ar leith a tharmligean don lucht bainistíochta, ní shaorann cumhacht an tarmligin an Bord ón dualgas atá air comhlíonadh na feidhme tarmligthe a mhaoirsiú.

Comhlíonann an Bord príomhfheidhmeanna mar atá leagtha amach thíos, lena n-áirítear ceannasaíocht a sholáthar agus stiúradh na heagraíochta a chur ar fáil laistigh de chreatlach rialuithe stuama éifeachtúla lena ligtear do mheasúnú agus bainistiú riosca.

## Conas a oibríonn an Bord – Ról an Bhoird

Tagann an Bord le chéile ar bhonn rialta. Mar a éilítear, freastalaíonn an fhoireann Fheidhmiúcháin agus foireann eile m.sh. saineolaithe éagsúla srl., ar chruinnithe an Bhoird d’fhonn cúrsaí ábhartha a phlé. I rith 2018 bhuail an Bord le chéile faoi dhó gan Baill Fheidhmiúcháin a bheith ann chun cúrsaí ar measadh gur ábhartha iad a phlé.

Féadann an Bord roinnt dá chumhachtaí a tharmligean is cuí leis chuig Coiste Boird nó chuig an gCathaoirleach nó chuig an bPríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin, faoi réir ag aon reachtaíocht ábhartha a chomhlíonadh, go háirithe an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003. Tá an lucht bainistíochta feidhmiúcháin freagrach as reáchtáil laethúil na heagraíochta. Áirítear le téarmaí tagartha an Bhoird sceideal foirmiúil ábhar atá forchoimeádta go sainiúil dó le haghaidh cinnidh. Áirítear leo sin:

- Ag cinntiú go n-oibríonn an Bord laistigh de theorannacha a údaráis reachtúil nó aon údaráis tharmligthe a chomhaontaítear leis an Aire;
- Príomhfheidhmeanna an Bhoird mar a leagtar amach sna hAchtanna PIAB a chomhlíonadh;
- Feidhmeanna reachtúla eile an Bhoird a chomhlíonadh;
- Ag cinntiú go gcloítear le hardchaighdeáin an rialachais chorparáidigh i gcónaí;
- Ag cinntiú go gcothaítear córas maith rialuithe inmheánacha lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochtúla, comhlíontachta, straitéiseacha agus cáile, agus próisis agus beartais bhainistíochta riosca;
- Éifeachtúlacht phróisis agus chórais bhainistíochta riosca an Bhoird a mhonatóiriú chun sainaithint, monatóiriú agus rialú éifeachtach rioscaí a chinntiú;
- Measúnú bliantúil a dhéanamh maidir le héifeachtúlacht na bpróiseas rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca;
- Nósanna imeachta ceannaigh an Bhoird a chomhaontú, lena n-áirítear na leibhéil údaráis arna dtarmligean;
- Mórcheannacháin/conarthaí a fhaomhadh;
- Aon athrú suntasach ar bheartais nó ar chleachtais chuntasaíochta a fhaomhadh;

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

- Tuarascálacha Bliantúla agus Ráitis Airgeadais a fhaomhadh;
- An Buiséad Bliantúil a fhaomhadh agus a mhonatóiriú;
- An Plean um Iniúchóireacht Straitéiseach a fhaomhadh;
- An Príomh-Oifigeach Feidhmiúcháin a cheapadh, a íoc agus a f(h)eidhmíocht a mheas faoi réir ag aon cheadú ón Aire a éilítear;
- Plean Straitéiseach an Bhoird le cur faoi bhráid an Aire a fhaomhadh;
- Tarmligean freagrachtaí don Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin a fhaomhadh;
- Maoirseacht a dhéanamh ar chomhlíonadh ghnó laethúil an Bhoird ag an lucht bainistíochta feidhmiúcháin;
- Athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar a fheidhmíocht féin;
- Cathaoirleach agus Comhaltaí Choistí an Bhoird a cheapadh agus téarmaí tagartha na gcoistí sin a fhaomhadh/athbhreithniú; agus
- Cód Iompair Ghnó do Chomhaltaí an Bhoird a fhaomhadh.

## Freagrachtaí Boird

Ceanglaítear le hAlt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 go n-ullmhóidh an Bord ráitis airgeadais i bhformáid agus ar bhealach arna sainiú ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Ceanglaítear ar an mBord na nithe a leanas a dhéanamh agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú aige:

- Beartais chuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ina dhiaidh sin.
- Breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus ciallmhar.
- Na ráitis airgeadais a réiteach ar bhonn gnóthas leantach, mura bhfuil sé cuí chun a mheas go leanfaidh an Bord i mbun feidhme.
- Luaigh cibé acu ar leanadh le caighdeáin infheidhme chuntasaíochta, faoi réir aon imeacht ábhartha a nochtadh agus a míníodh sna ráitis airgeadais.

Tá an Bord freagrach as leabhair chuí chuntais a choimeád ina nochtar le cruinneas réasúnta, ag tráth ar bith, staid airgeadais an Bhoird agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 77 den Acht. Anuas air sin, tá an Bord freagrach as na sócmhainní a chosaint agus as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Measann an Bord go dtugann ráitis airgeadais PIAB léargas fírinneach cóir ar fheidhmíocht airgeadais agus staid airgeadais PIAB amhail an 31 Nollaig 2018.

I rith na bliana, d’fhaomh an Bord buiséad Bliantúil agus rinne sé an fheidhmíocht a mheas ar bhonn leanúnach in aghaidh an bhuiséid – baineadh é sin amach trí nuashonruithe rialta buiséid arna soláthar ag an gCoiste Feidhmiúcháin chun go mbreithneoidh an Bord iad ag a chuid cruinnithe rialta.

Mar atá sonraithe sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach sna Ráitis Airgeadais atá mar chuid den Tuarascáil Bhliantúil seo, rinne an Bord athbhreithniú ar éifeachtúlacht na rialuithe inmheánacha san eagraíocht i rith na bliana. Rinneadh an t-athbhreithniú sin a threorú ag obair an iniúchóra inmheánaigh, agus ag obair an Choiste Iniúchóireachta a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh agus obair Fheidhmeannas na heagraíochta atá freagrach as forbairt agus as cothabháil na creatlaí rialaithe. Shocraigh an Bord go raibh sé sásta le héifeachtúlacht chóras na rialuithe inmheánacha atá i bhfeidhm san eagraíocht.

I rith na bliana, rinne an Bord measúnú ar phríomhrioscaí na heagraíochta, lena n-áirítear sainmhíniú ar an riosca agus na bearta nó straitéisí gaolmhara chun na rioscaí sin a rialú agus a mhaolú. Shocraigh Comhaltaí an Bhoird go raibh siad sásta leis an gcreatlach bainistíochta riosca agus na próisis ghaolmhara atá i bhfeidhm.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

I rith na bliana, chuireamar nósanna imeachta Bainistíochta Riosca i bhfeidhm mar atá sonraithe inár gCreatlach Bainistíochta Riosca. Tá an chreatlach chuimsitheach sin comhtháite go hiomlán lenár gClár Dearbhaithe Cáilíochta agus lenár dtimthriall Pleanála Gnó.

I rith na bliana, rinne an Bord féinmheasúnú ar a fheidhmíocht féin. Bhí torthaí an athbhreithnithe sin dearfach ar an iomlán, le soiléiriú beag á lorg maidir le roinnt bheag réimsí.

## Struchtúr an Bhoird

Tá an Bord comhdhéanta de Chathaoirleach, agus de 9 gnáthchomhaltaí (neamhfheidhmiúcháin) agus den Phríomhfheidhmeannach. Ceapann an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta Comhaltaí an Bhoird le haghaidh tréimhse sainithe i gcomhréir le téarmaí an Achta um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003. Féadtar comhaltaí a athcheapadh. Tháinig an Bord le chéile 8 huaire le linn 2018. Sa tábla thíos tá Comhaltaí uile an Bhoird liostaithe a bhí in oifig in 2018 mar aon lena dtaifead tinrimh ag cruinnithe an Bhoird.

## Liosta Iomlán Chomhaltaí an Bhoird le linn 2018

| Ainm | Post | Taifead Tinrimh |
|---|---|---|
| Dermot Divilly | Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin | 8 as 8 |
| John Lynch | Leas-Chathaoirleach agus Sainchomhairleoir Gnó | 4 as 5 |
| Conor O'Brien | Príomhfheidhmeannach | 8 as 8 |
| Colette Crowne | An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí | 7 as 8 |
| Walter Cullen | Ainmní Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) | 8 as 8 |
| Dermot Gorman | Ainmní Árachas Éireann | 1 as 2 |
| Nuala E. Jackson | Abhcóide Sinsearach | 3 as 3 |
| Martin Naughton | Ainmní Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) | 8 as 8 |
| Tim O'Hanrahan | Ainmní Bhanc Ceannais na hÉireann | 7 as 8 |
| Fionnuala O'Loughlin | Síciatraí Comhairleach | 0 as 2 |
| An Dr. Jean O'Sullivan | Lia Comhairleach i Míochaine Éigeandála | 3 as 3 |
| Breda Power | An Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta | 8 as 8 |
| Margot Slattery | Ainmní Chónaidhm Gnó agus Fostóirí na hÉireann (IBEC) | 6 as 8 |
| Stephen Watkins | Rúnaí an Bhoird | 8 as 8 |

## Athruithe ar Phearsanra

Le linn 2018 chuaigh Fionnuala O'Loughlin agus Dermot Gorman araon ar scor ón mBord in Aibreán agus chuaigh téarma oifige John Lynch in éag i mí Iúil. Athcheapadh Nuala Jackson agus an Dr. Jean O'Sullivan ón 1 Lúnasa 2018. Tá folúntas amháin ann faoi láthair ar an mBord.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## Coistí

Bhunaigh an Bord Coiste Iniúchóireachta agus Riosca freisin lena gcuimsítear roinnt Comhaltaí an Bhoird. Is é ról an choiste sin chun tacú leis an mBord maidir lena chuid freagrachtaí as saincheisteanna riosca, rialaithe agus rialachais agus as dearbhú gaolmhar. Tá an Coiste neamhspleách ar bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, agus gníomhaíochtaí iniúchóireachta ina measc. Tuairiscíonn an Coiste don Bhord tar éis gach cruinnithe, agus go foirmiúil i scríbhinn go bliantúil. Tháinig an Coiste le chéile ceithre huaire le linn 2018. Seo a leanas sonraí faoi Chomhaltas an Choiste i rith na bliana:

## An Coiste um Iniúchóireachta & Riosca 2018

| Comhalta | Tréimhse Oifige |
|---|---|
| John Lynch (Cathaoirleach)* | Dulta in éag in Iúil 2018 |
| Walter Cullen | Bliain iomlán |
| Dermot Gorman | Imithe ar Scor in Aibreán 2018 |
| Tim O’Hanrahan* | Bliain iomlán |
| Breda Power | Bliain iomlán |
| Margot Slattery | Ceaptha i Samhain 2018 |

Rúnaí: Stephen Watkins

* Ceapadh Tim O’Hanrahan mar Chathaoirleach tar éis imeacht John Lynch.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## Táillí agus Caiteachais an Bhoird

Tá sonraí na dtáillí a íocadh le Comhaltaí an Bhoird leagtha amach thíos. Mar a tharla i mblianta roimhe, níor íocadh aon speansais do Chomhaltaí an Bhoird.

| | 2018 € | 2017 € |
|---|---|---|
| Dermot Divilly – Cathaoirleach | 20,520 | 20,520 |
| Walter Cullen | 11,970 | 11,970 |
| Dermot Gorman | 3,990 | 11,970 |
| Nuala E. Jackson | 4,987 | - |
| John Lynch | 6,983 | 11,970 |
| Martin Naughton | 11,970 | 11,970 |
| Margot Slattery | 11,970 | 11,970 |
| **Iomlán** | **72,390** | **80,370** |

Níor íocadh aon táillí leis na Comhaltaí Boird a leanas le linn 2018 mar gheall ar chur i bhfeidhm an phrionsabail um Dhuine Amháin Tuarastal Amháin: Breda Power, Fionnuala O'Loughlin, Tim O'Hanrahan, Dr. Jean O'Sullivan, Colette Crowne agus Conor O'Brien.

## An Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin

Is é an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus an fhoireann bhainistíochta feidhmiúcháin atá freagrach as bainistíocht, rialú agus stiúradh laethúil PIAB. In éineacht le chéile comhdhéantar an Fhoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin leo. Ní mór don POF agus don fhoireann bhainistíochta sinsearaí an treoir straitéiseach leathan a leanúint a leagann an Bord amach, agus ní mór dóibh a chinntiú go mbíonn tuiscint shoiléir ag gach comhalta an Bhoird ar na príomhghníomhaíochtaí agus cinntí a bhaineann leis an aonán, agus ar na rioscaí suntasacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Gníomhaíonn an POF mar idirchaidreamh díreach idir an Bord agus an lucht bainistíochta.

Is comhalta den Bhord é Conor O'Brien, an Príomhfheidhmeannach. Tá sé i gceannas ar an bhFoireann Bhainistíochta Feidhmiúcháin freisin lena n-áirítear:

- Maurice Priestley – Stiúrthóir Oibríochtaí
- Helen Moran – Stiúrthóir Seirbhísí Tacaíochta Gnó
- Stephen Watkins – Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha
- Bernadette King – Stiúrthóir Airgeadais

Tá an Príomhfheidhmeannach freagrach as bainistíocht laethúil oibríochtaí PIAB arna thacú ag stiúrthóirí, bainisteoirí, measúnóirí agus foireann tacaíochta.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil na gComhaltaí Boird

## Nochtuithe a cheanglaítear ag an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016

Tá an Bord freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an RSA ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (an Cód), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER) i Lúnasa 2016. Éillítear na nochtuithe a leanas de réir an Chóid.

**Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe** (tá an nochtadh a bhaineann leis sin i Nóta 3 leis na Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).

**Costais Chomhairleachta** (tá an nochtadh a bhaineann leis sin i Nóta 5 leis na Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).

### Costais agus Socraíochtaí Dlí

(Tá an nochtadh a bhaineann le comhairle dlí ghinearálta i Nóta 5 leis na Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).

### Caiteachas Taistil agus Cothaithe

(Tá an nochtadh a bhaineann leis sin i Nóta 5 leis na Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).

### Caiteachas ar Fháilteachas

(Tá an nochtadh a bhaineann leis sin i Nóta 5 leis na Ráitis Airgeadais sa Tuarascáil Bhliantúil seo).

## Ráiteas Comhlíontachta

Ghlac an Bord leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016) agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aige chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú.

Tá teagmhais de sholáthar neamhchomhlíontach sonraithe sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach atá san áireamh leis na Ráitis Airgeadais atá ina n-aguisín leis an Tuarascáil Bhliantúil seo.

Ós rud é go raibh cíor thuathail shuntasach i gComhaltas an Bhoird le linn 2018 shocraigh an Bord nach mbeadh ach luach teoranta ag baint le hathbhreithniú seachtrach a dhéanamh ar fheidhmíocht ag an gcéim seo. Dá réir sin socraíodh go ndéanfaí athbhreithniú seachtrach in 2019 ina ionad sin nuair a bheadh Comhaltas an Bhoird níos cobhsaí. Cuireadh athbhreithniú inmheánach ar an mBord chun feidhme in 2018 agus cuirfear athbhreithniú seachtrach ar an mBord i gcrích in 2019.Seachas sin chomhlíon PIAB an Cód Cleachtais ina iomláine le linn 2018.

**Sínithe**

**Dermot Divilly**
*Cathaoirleach*

29 May 2019

**Sínithe**

**Conor O'Brien**
*Príomhfheidhmeannach*

29 May 2019

# Rialachas

## Creatlach Riosca agus Rialaithe

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag PIAB lena sainaithnítear príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta arna nglacadh le dul i ngleic leo agus, a mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú, agus tuairiscíonn sé ar an méid sin. Tugadh na tuarascálacha sin os comhair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus níor sainaithníodh aon saincheist shuntasach.

Tá Príomh-Oifigeach Riosca ceaptha ag PIAB chun forfheidhmiú na creatlaí bainistíochta riosca a mhaoirsiú. Déanann PIAB athbhreithniú ar thuairisciú na bainistíochta ar riosca ag gach cruinniú Boird.

Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun próisis rialaithe a mhonatóiriú agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a ghlacadh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is cuí, ar bhealach tapa.

Áirítear ar mhonatóiriú leanúnach eolas ó na trí líne chosanta mar a leanas:

- **An chéad líne chosanta** – faisnéis a thagann ó réimsí oibríochtúla gnó a fhéadtar a úsáid chun dearbhú a fháil maidir leis an gcaoi a mbainistítear rioscaí. Áirítear leis sin cláir riosca, tuairiscí ar ghnáthrialuithe córais, sonraí feidhmíochta agus faisnéis bainistíochta eile.
- **An dara líne chosanta** – obair a bhaineann le gníomhaíocht bainistíochta a mhaoirsiú. Áirítear leis sin measúnuithe nó athbhreithnithe comhlíontachta chun a fháil amach an bhfuil socruithe cáilíochta á gcomhlíonadh ar aon dul lena rabhthas ag súil leis do réimsí sainiúla riosca ar fud na heagraíochta m.sh. soláthar.
- **An tríú líne chosanta** – dearbhú neamhspleách oibiachtúil. Dírítear é sé sin ar ról an iniúchta inmheánaigh a lena gcuirtear clár oibre chun feidhme atá deartha go sainiúil chun tuairim neamhspleách oibiachtúil a thabhairt ar an gcreatlach rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe.

## Iniúchadh Inmheánach

Is príomhghné í feidhm an Iniúchta Inmheánaigh maidir leis an mBord rialacháin a chur ar an eolas maidir le héifeachtúlacht chóras na rialuithe inmheánacha. Feidhmíonn na hiniúchóirí inmheánacha i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú. Ullmhaíodh tuarascálacha Iniúchóra Inmheánaigh in 2018 lena gclúdaíodh raon leathan réimsí: Airgeadais, Oibriúcháin agus Eagraíochtúil. Tugadh na tuarascálacha sin os comhair an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus níor sainaithníodh aon saincheist shuntasach.

## Rialachas Corparáideach – Comhlíontacht

Oibríonn PIAB i gcomhréir le forálacha Acht 2003 ina leith, arna leasú in 2007. Oibríonn PIAB faoi choimirce an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

Mar aon le téarmaí na reachtaíochta lena rialaítear muid, ceanglaítear orainn réimse leathan de cheanglais reachtúla (Náisiúnta agus AE) agus riaracháin eile a chomhlíonadh. Go háirithe, tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm againn chun na ceanglais shonracha a leanas a chomhlíonadh:

# Rialachas

## An Cód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú

Tá nósanna imeachta forbartha agus curtha i bhfeidhm ag PIAB chun a chinntiú go gcomhlíonann sé an Cód nua a tugadh isteach i Lúnasa 2016 agus a ghlacadh an Bord go foirmiúil leis. Gach bliain, deimhníonn Cathaoirleach an Bhoird don Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta go bhfuil PIAB ag comhlíonadh an Chóid. Mar chuid de cheanglais an Chóid, forbraíodh Comhaontú Seirbhíse comhaontaithe lenár máthair-Roinn.

## An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995

Titeann PIAB faoi scóip an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus tá nósanna imeachta glactha aige chun an tAcht a chomhlíonadh. Dá réir sin, nuair is gá, tá ráitis leasa maidir le forálacha an Achta a chomhlíonadh comhlánaithe ag Comhaltaí Boird agus ag an bhfoireann a bhfuil poist ainmnithe acu. Ina theannta sin, tá nósanna imeachta i bhfeidhm i gcomhair nochtadh leanúnach leasanna na gComhaltaí Boird. Is ceist í sin a chuirtear ag tús gach cruinniú Boird. Tá an fhoireann ag leibhéal na bainistíochta faoi réir na reachtaíochta sin freisin.

## An tAcht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005

De réir an Achta um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005, chuir PIAB nósanna imeachta i bhfeidhm chun forálacha an Achta a chomhlíonadh. Tá ráiteas sábháilteachta glactha againn lena gcuimsítear gach gné de leas foirne.

## Comhionannas Fostaíochta

Tá PIAB bródúil as bheith ina fhostóir comhdheiseannaTá na hoifigí dá chuid inrochtana ina n-iomláine. Tá ionadaíocht ag PIAB ar Choiste Comhairliúcháin um Míchumas de chuid na Roinne Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta. Is iad luachanna comhaontaithe PIAB Comhoibriú, Meas, Oscailteacht agus Ionracas.

Trí na luachanna sin tacaítear le cultúr PIAB, cultúr lena dtaispeántar go meastar comhghleacaithe uile beag beann ar aon mhíchumais a d'fhéadfadh a bheith acu mar dhaoine inniúla agus go bhfuil meas iarbhír orthu sa lucht saothair. Tairgtear measúnuithe eirgeanamaíocha don fhoireann i PIAB tar éis dóibh teacht ar ais chun na hoibre tar éis saoire tinnis fhadtéarma.

Maoiníonn PIAB Clár Cúnaimh d'Fhostaithe do gach fostaí a chuireann comhairleoireacht 24/7 duine le duine ar fáil. Is é aidhm an Bhoird áit oibre a bhunú ina mothaíonn an fhoireann go bhfuil tacaíocht acu agus go bhfuil meas cothrom orthu má nochtann siad míchumas.

Ar an mórchóir, tá PIAB ag súil le hobair a dhéanamh leis an Údarás Náisiúnta Míchumais agus leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta (DBEI) maidir leis an Straitéis Chuimsitheach Fostaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumais 2019 – 2021.

Tá Coiste Sláinte agus Sábháilteachta gníomhach ag PIAB. Comhlánaíonn ball den choiste sin iniúchadh/siúl thart H&S ar an áitreabh gach mí chun a chinntiú go mbíonn timpeallacht oibre inrochtana againn.

Tairgeann PIAB roghanna oibre sofhreagrúla don fhoireann amhail fleisc-am, comhroinnt oibre, bliain oibre níos giorra agus sosanna gairme sa bhreis ar Saoire Reachtúil uile.

# Rialachas

## Cearta an Duine

Trí Chairt Chustaiméirí PIAB tá an eagraíocht tiomanta do na nithe a leanas: Caitheamh le custaiméirí go cothrom, go cóir agus le meas.

Tá PIAB feasach ar chatagóirí na ndaoine atá cosanta faoi dhlí comhionannais agus ní dhéanann sé leatrom ar cheann ar bith de na forais atá leagtha síos maidir le soláthar earraí agus seirbhísí sna hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2015 (ESA). Ní dhéanann PIAB leatrom ar aon de na forais a leanas: inscne; stádas sibhialta; stádas tuismitheora; stádas teaghlaigh; claonadh gnéis; reiligiún; aois; cine; náisiúntacht, nó cúlra eitneach; daoine den lucht siúil; nó míchumas.

Soláthraíonn an eagraíocht seirbhísí d'éilitheoirí agus do fhreagróirí uile, a bhaineann le héilimh a tharla i bPoblacht na hÉireann agus ghlacann sí cinntí bunaithe ar a ról agus ar a chuid freagrachtaí faoi reachtaíocht lena n-áirítear na hAchtanna um Measúnú Díobhálacha Pearsanra, arna leasú, agus faoi dhlíthe ábhartha eile. Tá tiomantas PIAB do mheasúnú cóir, éifeachtach agus follasach ar éilimh leagtha amach go soiléir ar a láithreán gréasáin. Soláthraíonn PIAB seirbhísí in éagsúlacht de theangacha (sa Bhreis ar Bhéarla agus Gaeilge soláthraímid faisnéis i Rúisis, Polainnis, Sínis, agus Araibis). Forbraíodh an láithreán gréasáin nuashonraithe chun rochtain fheabhsaithe a sholáthar do dhaoine a bhfuil lagú radhairc orthu agus tá sé scríofa ar bhealach simplí soiléir.

## Cosaint Sonraí

Éilítear ar PIAB Sonraí Pearsanta a phróiseáil d'fhonn a chuid feidhmeanna reachtúla a chur chun feidhme chun éilimh um dhíobhálacha pearsanta a mheasúnú ar bhealach cóir agus éifeachtach. Tá meas ag PIAB ar chearta príobháideachais díobh siúd a bpróiseálann sé a gcuid Sonraí Pearsanta agus tá sé thar a bheith comhfhiosach dá chuid oibleagáidí faoi reachtaíocht atá ann lena n-áirítear na hAchtanna um Chosaint Sonraí (1988, 2003 agus 2018) agus an Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí (GDPR) a tháinig i bhfeidhm ón 25 Bealtaine 2018. Oibríonn PIAB i gcomhréir le Cód Cleachtais foirmiúil um Chosaint Sonraí, atá foilsithe ar a láithreán gréasáin. Chuir PIAB tús le clár ullmhachta um an GDPR le linn 2017, agus cuireadh i gcrích é sin roimh theacht i bhfeidhm an GDPR.

## An Reachtaíocht um Shaoráil Faisnéise

Tugadh PIAB faoi théarmaí tagartha na reachtaíochta um Shaoráil Faisnéise (SF) i rith 2015. D'fhreagair an eagraíocht ar roinnt iarratas in 2018, cinn a bhain le cásanna agus cinn de nádúr níos ginearálta. Faoi Scéim Foilsithe SF dá chuid, foilsíonn PIAB faisnéis maidir le seirbhísí, faisnéis airgeadais agus soláthar ar an láithreán gréasáin dá chuid.

## Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003

Tagann PIAB faoi théarmaí tagartha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 lena gcuirtear creatlach reachtúil ar fáil i gcomhair seachadadh seirbhísí as Gaeilge. I gcomhréir le hAlt 10 den Acht, foilsítear an Tuarascáil Bhliantúil seo as Gaeilge agus as Béarla ag an am céanna.

## Nochtuithe Cosanta

Tá Beartas Nochtuithe Cosanta ag PIAB lena gcuirtear creatlach ar fáil ina bhféadann an fhoireann imní a bhaineann le héagóracha ionchasacha a cuireadh ar a súile agus iad ag obair san eagraíocht a chur in iúl, agus fios acu go mbeidh siad in ann cosaintí fostaíochta suntasacha a fháil. I rith 2018, ní dhearnadh aon nochtadh cosanta..

# Rialachas

## Soláthar

Is é an córas tairisceana iomaíche an gnáth-nós imeachta a úsáideann PIAB sa phróiseas soláthair. Tugadh aird chuí ag na tairiscintí a eisíodh ar na luachanna tairsí le haghaidh na rialacha soláthair a chur i bhfeidhm. Deimhníonn PIAB comhlíonadh na nósanna imeachta soláthair maidir le tairiscintí iomaíocha, ach amháin an soláthar neamhchomhlíontach atá sonraithe sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach. Áirítear ar an gcomhlíonadh cloí le treoirlínte náisiúnta ón Oifig um Sholáthar Rialtais agus na Treoracha AE ábhartha araon, a bhfuil feidhm dlí acu i ngach Ballstát. Déanaimid athbhreithniú agus nuashonrú leanúnach ar ár mbeartais agus nósanna imeachta soláthair agus cuirimid oiliúint ar fáil freisin don phearsanra ábhartha sa réimse tábhachtach teicniúil seo.

## Íoc Pras Cuntas

Admhaíonn PIAB go bhfuil sé freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann sé ar gach bealach ábhartha forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2012 (IR.580 de 2012), lena bhforáiltear go mbeidh an t-ús pionósach iníoctha mura n-íoctar íocaíochtaí ar idirbhearta tráchtála laistigh de 30 lá, mura sonraítear a mhalairt i gconradh nó i gcomhaontú. Is é an beartas atá againn ná cinntiú go ndéantar gach sonrasc a rianú agus a íoc go tapa roimh an dáta dlite ar mhaithe le cuspóirí úis agus táillí. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun dearbhuithe réasúnta a thabhairt in aghaidh neamhchomhlíonadh an Achta agus na Rialachán.

Tá PIAB tiomanta dá chuid oibleagáidí a chomhlíonadh faoi chinneadh 15 lá an Rialtais, a tháinig i bhfeidhm an 1 Iúil 2011, agus a méadaíodh ag S29296 an 28 Márta 2017 a chuir an cinneadh ar bhonn foirmiúil. Cinntítear leis an bhforáil sin go ndéanfar íocaíocht ar gach sonrasc bailí le soláthraithe laistigh de 15 lá féilire agus go bhfoilseoimid ar ár láithreán gréasáin líon agus luach iomlán na n-íocaíochtaí a dhéantar go ráithiúil agus leibhéil an úis dhéanach íocaíochta agus na gcostas cúitimh a íocadh.

## Cánachas

Deimhníonn PIAB gur comhlíonadh na dlíthe cánach. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm lena gcinntítear go bhfuil PIAB ar fheabhas ó thaobh comhlíonta de lena oibleagáid faoi dhlíthe cánach agus go n-íoctar gach dliteanas cánach ar na dátaí dlite ábhartha nó roimhe sin.

## Pleanáil Straitéiseach

Oibríonn PIAB i gcomhréir lena Phlean Straitéiseach don tréimhse 2014-2019. Leagtar amach leis an bplean sin na príomhchuspóirí straitéiseacha atá againn le haghaidh na mblianta amach romhainn agus na príomhghníomhaíochtaí atá le déanamh chun na cuspóirí sin a bhaint amach. Ar leibhéal oibríochtúil, leantar le cuspóirí foirne agus pleananna bliantúla gnó a chur ar aon dul le cuspóirí straitéiseacha PIAB. Rinneadh obair chun Plean Straitéiseach nua a fhorbairt le linn 2018.

# Na Ráitis Airgeadais



# Na Ráitis Airgeadais

## Brabús don Bhliain Airgeadais Dar Críoch 31 Nollaig 2018

### Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| Faisnéis Ghinearálta | 56 |
| An Ráiteas ar Rialú Inmheánach | 57 |
| Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste | 60 |
| An Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | 63 |
| An Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach | 64 |
| An Ráiteas ar Staid an Airgeadais | 65 |
| An Ráiteas ar Shreafaí Airgid | 66 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 67 |

# Faisnéis Ghinearálta

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Comhaltaí an Bhoird** | Dermot Divilly (Cathaoirleach) | | |
| | Conor O'Brien (POF) | | |
| | Walter Cullen | | |
| | Dermot Gorman | *Tháinig deireadh le comhaltas in Aibreán 2018* | |
| | John Lynch | *Tháinig deireadh le comhaltas in Iúil 2018* | |
| | Martin Naughton | | |
| | Tim O'Hanrahan | | |
| | Colette Crowne | | |
| | Fionnuala O'Loughlin | *Tháinig deireadh le comhaltas in Aibreán 2018* | |
| | Breda Power | | |
| | Margot Slattery | | |
| | Nuala E. Jackson | *Thosaigh ar an 1 Lúnasa 2018* | |
| | An Dr. Jean O'Sullivan | *Thosaigh ar an 1 Lúnasa 2018* | |
| **Oifig** | Grain House<br>Halla an Mhalartáin<br>Cearnóg Belgard Thuaidh<br>Tamhlacht<br>Baile Átha Cliath 24 | | |
| **Iniúchóir** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>An Port Thuaidh<br>Baile Átha Cliath 1 | | |
| **Baincéirí** | Banc na hÉireann<br>4 – 6 Geata na mBráthar<br>An Phríomhshráid<br>Tamhlacht<br>Baile Átha Cliath 24 | KBC Bank Ireland plc<br>3 Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 2 | Grúpa Bhanc Uladh<br>Cé Sheoirse<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Aturnaetha** | Eversheds Sutherland<br>Ionad Phort an Iarla<br>Ardán Phort an Iarla<br>Baile Átha Cliath 2 | | |
| **Láithreán gréasáin** | www.piab.ie | | |

Brabús don Bhliain Airgeadais Dar Críoch 31 Nollaig 2018

# An Ráiteas ar Rialú Inmheánach

## Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh

Thar ceanna BMPD (Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta), aithním freagracht an Bhoird aithním freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcoimeádtar agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Téann an fhreagracht sin i ngleic le ceanglais an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## Feidhm an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca a bhainistiú go leibhéal réasúnta, seachas é a dhíothú. Dá bhrí sin ní féidir ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú absalóideach a sholáthar leis an gcóras go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go ceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtachtaí ábhartha a chosc nó go ndéanfaí iad a bhrath ar bhealach tráthúil.

Tá córas an rialaithe inmheánaigh, atá i gcomhréir le treoir arna heisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i PIAB don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2018 agus suas go dtí dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais.

## An Timpeallacht Rialaithe

Áirítear leis an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC), atá comhdhéanta de stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin, daoine a bhfuil taithí airgeadais úrnua agus ábhartha acu lena n-áirítear inniúlacht sa chuntasaíocht, in iniúchóireacht agus i mbainistíocht riosca. Tháinig an ARC le chéile ceithre huaire in 2018.

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh bunaithe ag PIAB freisin a bhfuil go leor acmhainní aici agus a dhéanann clár oibre a chomhaontaítear leis an ARC. Oibrítear feidhm an iniúchta inmheánaigh i gcomhréir le Cairt Iniúchta Inmheánaigh fhaofa, atá ar aon dul leis na forálacha atá leagtha amach sa Chód. Cinneadh plean oibre iniúchta inmheánaigh trí bliana i gcomhairliúchán leis an ARC. Déantar athbhreithniú ar an bplean sin gach bliain agus nuashonraítear é mar is gá agus nuair is gá. Sa phlean oibre iniúchta inmheánaigh reatha tugtar réimsí riosca ionchasacha san áireamh arna sainaithint ag an eagraíocht ag féachaint do na cuspóirí straitéiseacha agus creat bainistíochta riosca dá cuid. Cuireann an t-iniúchóir inmheánach tuarascálacha rialta ar fáil don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca ar thascanna a rinneadh. Leis na tuarascálacha sin tugtar easnaimh nó laigí chun suntais, más ann dóibh, i gcóras an rialaithe inmheánaigh mar aon leis na bearta ceartaitheacha molta atá le cur i bhfeidhm nuair is gá.

D’fhorbair an Feidhmeannas beartas bainistíochta riosca, arna údarú ag an mBord, lena leagtar amach an inghlacthacht riosca dá chuid, na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus lena sonraítear róil agus freagrachtaí na foirne maidir le riosca. Cuireadh an beartas agus a inneachar in iúl don fhoireann uile a bhfuil iallach orthu oibriú laistigh de bheartais bainistíochta riosca PIAB, an lucht bainistíochta a chur ar an eolas maidir le rioscaí agus laigí sa rialú a thagann chun cinn agus freagracht a ghlacadh as rioscaí agus as rialuithe laistigh dá réimse oibre féin.

## Brabús don Bhliain Airgeadais Dar Críoch 31 Nollaig 2018

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach (ar lean)

### Creat Riosca agus Rialaithe

Chuir PIAB córas bainistíochta riosca i bhfeidhm lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á nglacadh chun tabhairt faoi na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, iad a mhaolú. Tá clár riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair PIAB agus sainaithníodh iad sin, rinneadh measúnú orthu agus tugadh grádú dóibh de réir na tábhachta a bhaineann leo. Athbhreithnítear agus nuashonraítear an clár ag an ARC ar bhonn bliantúil. Úsáidtear torthaí na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go mbainistítear rioscaí go leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus gníomhaíochtaí a theastaíonn chun rioscaí a mhaolú agus freagracht as oibriú rialuithe atá sannta d’aonaid ghnó shainiúla/do bhainisteoirí sainiúla.

Ghlac an Bord le bearta chun a chinntiú go mbíonn timpeallacht chuí rialaithe i bhfeidhm lena mbaineann na gnéithe a leanas:

- ceapadh Príomh-Oifigeach Riosca chun cur i bhfeidhm an chreata bainistíochta riosca a mhaoirsiú,
- rinneadh nósanna imeachta a dhoiciméadú le haghaidh gach príomhphróiseas gnó,
- tá córas cuí buiséadaithe ann ag a bhfuil buiséad bliantúil, a ndéanann an Bord é a athbhreithniú agus a fhaomhadh
- coinnítear an buiséad bliantúil faoi athbhreithniú ag an lucht bainistíochta sinsearaí agus ag an mBord
- tá córas tuairiscithe cuimsitheach míosúil ann lena n-áirítear tuairisciú airgeadais agus oibríochtúil, agus coinnítear faoi athbhreithniú é ag an lucht bainistíochta sinsearaí
- sannadh freagrachtaí airgeadais agus oibríochtúla ar leibhéal bainistíochta lena mbaineann cuntasacht chomhfhreagrach,
- athbhreithnithe rialta iniúchta inmheánaigh ar rialuithe agus nósanna imeachta airgeadais, oibríochtúla agus comhlíontachta,
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chinntiú,
- tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach:

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun próisis rialaithe a mhonatóiriú agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a ghlacadh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil.

Tá córas an rialaithe inmheánaigh bunaithe ar chreat de thuairisciú rialta ón lucht bainistíochta, nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear scaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Cuimsítear na nithe seo a leanas leis go háirithe:

- sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh arna sainaithint a thuairisciú,
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ina bhfuil freagracht as bainistiú airgeadais sannta,
- tá athbhreithnithe rialta ag an lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla feidhmíochta agus airgeadais lena léirítear feidhmíocht i gcomparáid le buiséad/réamhaisnéisí
- athbhreithniú ar thuairisciú na bainistíochta ar riosca ag gach cruinniú Boird;

## Brabús don Bhliain Airgeadais Dar Críoch 31 Nollaig 2018

- tá plean iniúchta inmheánaigh trí bliana comhaontaithe. Athbhreithnítear agus comhaontaítear an plean iniúchta gach bliain. Leis an gclár iniúchta inmheánaigh soláthraítear tuairim neamhspleách oibiachtúil ar fáil den timpeallacht rialaithe.

### Soláthar

Tá beartais agus nósanna imeachta mionsonraithe i bhfeidhm ag PIAB chun comhlíonadh na rialacha agus na dtreoirlínte soláthair reatha. Chun dea-chleachtas sa réimse seo a chinntiú, cuirtear oiliúint ar fáil don phríomhfhoireann agus don lucht bainistíochta ar bhonn rialta. Tá Plean Soláthair Chorparáidigh trí bliana (2016-2018) agus pleananna Soláthair Bliantúla i bhfeidhm ag PIAB. Le linn na bliana, tabhaíodh caiteachas €11,823,020 ar earraí agus ar sheirbhísí. Aibhsítear nithe a thagann aníos maidir le rialuithe ar sholáthar faoi na Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh thíos.

### Saincheisteanna Rialaithe Inmheánaigh

#### Soláthar Neamhchomhlíontach

Le linn 2018 tabhaíodh caiteachas de €134,290 maidir le sé chonradh seirbhíse nuair nach raibh na nósanna imeachta a úsáideadh comhlíontach ina n-iomláine maidir le treoirlínte soláthair. Seo a leanas na cúiseanna leis sin:

i) €15,990 - mar thoradh ar thar-rolladh an chonartha reatha mar gheall ar réiteach ar feitheamh na saincheisteanna teicniúla a nochtadh le haistriú na seirbhíse go soláthraí reatha. Aistríodh seirbhísí uile go soláthraí reatha i Ráithe 1 de 2019.

ii) €26,400 - mar thoradh ar thar-rolladh dhá chonradh reatha mar gheall ar chríochnú ar feitheamh tairisceana nua. Eisíodh ceann amháin de na comórtais tairisceana nua i Nollaig 2018 agus eiseofar an ceann eile go luath in 2019.

iii) €72,000 - mar thoradh ar thar-rolladh dhá chonradh reatha mar gheall ar chríochnú ar feitheamh comórtas tairisceana nua Rinneadh na comórtais tairisceana nua a chur i gcrích agus creataí na hOifige um Sholáthar Rialtais (OSR) á n-úsáid i Nollaig 2018.

iv) iv) €19,900 - mar thoradh ar thar-rolladh conartha reatha mar gheall ar chríochnú ar feitheamh conartha nua. Is é an soláthraí an t-aon soláthraí atá ar fail don Bhord chun na seirbhísí a sholáthar. Déanfar conradh nua a idirbheartú in 2019.


Rinneadh na cásanna de sholáthar neamhchomhlíontach a sonraíodh i Ráitis Airgeadais 2017 a réiteach in 2018.

### Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag PIAB chun éifeachtúlacht a chuid nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe a mhonatóiriú. Déantar monatóireacht agus athbhreithniú PIAB ar éifeachtúlacht chóras an rialaithe inmheánaigh a threorú ag obair an Iniúchóra Inmheánaigh, Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca, a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre, agus ag obair an lucht bainistíochta sinsearaí laistigh de PIAB atá freagrach as forbairt agus as cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Deimhním go ndearna an Bord athbhreithniú bliantúil ar éifeachtúlacht an chórais na rialuithe inmheánacha do 2018, i Nollaig 2018.

Sínithe thar ceann an Bhoird;



**Dermot Divilly**
*Cathaoirleach*

**29 May 2019**

Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste
Comptroller and Auditor General

# Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## An Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 mar a éillítear faoi fhorálacha alt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003. Cuimsítear leis na ráiteas airgeadais

- ráiteas ar Ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choinnithe
- ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- ráiteas ar staid an airgeadais
- ráiteas ar shreafaí airgid agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar na beartais chuntasaíochta shuntasacha.

I mo thuairim, tugtar léargas fíor agus cóir leis na ráitis airgeadais ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta amhail an 31 Nollaig 2018 agus ar an ioncam agus caiteachas dá chuid le haghaidh 2018 de réir an Chaighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 — An Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.

**Bonn na Tuairime**

Rinne mé an t-iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Tá mé neamhspleách ar an mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim gur leor agus iomchuí an fhianaise iniúchóireachta atá faighte agam chun bonn a sholáthar do mo thuairim.

### Tuarascáil ar fhaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus ar ghnóthaí eile

Chuir an Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta faisnéis áirithe eile i láthair in éineacht leis na ráitis airgeadais. Cuimsítear leis sin an tuarascáil bhliantúil, an ráiteas um rialachas agus tuarascáil chomhaltaí an Bhoird agus an ráiteas ar rialú inmheánach. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí chun tuairisciú ar a leithéid d'fhaisnéis, agus ar ghnóthaí áirithe eile ar a ndéanaim tuairisciú trí eisceacht, san aguisín leis an tuarascáil seo.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam ina leith sin.

**Andrew Harkness**
*Le haghaidh agus thar ceann An Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste*

**Meitheamh 4 2019**

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Faoi mar a shonraítear sa ráiteas um rialachas agus i dtuairisc chomhaltaí an Bhoird, tá comhaltaí an bhoird freagrach as na nithe a leanas

- ráitis airgeadais a ullmhú san fhoirm atá forordaithe faoi alt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003.
- chun a áirithiú go dtugtar léargas fíor agus cóir leis na ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- chun rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- chun a mheasúnú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil bonn an ghnóthais leantaigh iomchuí, agus
- a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad riachtanach chun ullmhúchán na ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Éillítear orm faoi alt 77 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta ar Bhóithre 2003 ráitis airgeadais an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta a iniúchadh agus chun tuairisciú orthu chuig Tithe an Oireachtais.

Cuirim romham agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam chun dearbhú réasúnta a fháil cibé an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha mar gheall ar chalaois nó earráid. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go mbraithfidh iniúchadh a dhéantar de réir ISAnna míshonrú ábhartha i gcónaí nuair a bhíonn sé ann. Féadtar míshonruithe eirí ó chalaois nó ó earráid agus meastar ábhartha iad, ina n-aonar nó ina gcomhiomlán, más féidir tátal a bhaint go réasúnta go n-imreoidh siad tionchar ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, bainim úsáid as breithiúnas gairmiúil agus déanaim sceipteachas gairmiúil a choimeád don iniúchadh go léir. Agus sin á dhéanamh,

- Sainaithním na rioscaí agus déanaim measúnú orthu maidir le míshonrú ábhartha i leith na ráiteas airgeadais, is cuma más mar gheall ar chalaois nó earráid é sin, déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil do na rioscaí sin, agus faighim fianaise don iniúchadh atá imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Is mó an riosca nach ndéanfaí míshonruithe ábhartha a bhrath i gcás calaoise ná i gcás earráide mar d'fhéadfadh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh intinniúla, mífhaisnéisí, nó sárú na rialála inmheanaí bheith i gceist leis an gcalaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta a dhearadh atá iomchuí do na himthosca, ach ní ar mhaithe le tuairim a léiriú maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta arna n-úsáid agus ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus ar rudaí gaolmhara a nochtar.
- Déanaim amach maidir leis an gceist an bhfuil sé cuí an bonn gnóthais leantaigh cuntasaíochta a úsáid agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, an bhfuil aon éiginnteacht ábhartha ann a bhaineann le tarluithe nó dálaí a mbeadh amhras suntasach ann dá barr faoi chumas an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta dul ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má dhéanaim amach go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar na nochtaí gaolmhara sna ráitis airgeadais nó, mura mbíonn na nochtaí sin leordhóthanach, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo thátail bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a aimsítear suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh imeachtaí nó dálaí amach anseo, áfach, a bheith ina gcúis le scor an Bhoird Mheasúnaithe Díobhálacha Pearsanta as oibriú mar ghnóthas leantach.
- Déanaim measúnú ar láithreoireacht fhoriomlán, ar struchtúr agus ar ábhar na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear na nithe a nochtadh, agus cibé an léirítear leis na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus imeachtaí bunúsacha ar dhóigh lena dtugtar léargas cothrom.

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Déanaim cumarsáid leo siúd a bhfuil rialachas mar shainchúram acu maidir leis na nithe a leanas, i measc nithe eile: raon feidhme beartaithe agus tráthúlacht an iniúchta agus fionnachtana suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach ar féidir liom iad a aithint le linn an iniúchta.

**Faisnéis seachas na ráitis airgeadais**

Ní chlúdaítear an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair leis na ráitis airgeadais le mo thuairim maidir leis na ráitis sin agus ní léirím aon fhoirm de chonclúid dhearbhaithe maidir leis sin.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éillítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus trí sin á dhéanamh, déanaim machnamh cibé an bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a aimsíodh le linn an iniúchta, nó má léirítear ar dhóigh eile go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Má tharlaíonn sé, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go ndéanaim amach go bhfuil míshonrú ábhartha san fhaisnéis eile sin, éillítear orm an fhíric sin a thuairisciú.

**Tuairisciú ar na gnóthaí**

Tugaim faoi m'iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na cúrsaí speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus lena n-oibriú. Tuairiscím más é an cás go bhfuil ábhair ábhartha ann a bhaineann leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a aimsiú faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má tá cásanna ábhartha ann nuair nár úsáideadh airgead poiblí chun críocha a ceapadh dó nó nuair nach raibh idirbhearta ag cloí leis na húdaráis a dhéanann iad a rialú.

Tuairiscím trí eisceacht freisin má tharla na rudaí a leanas, i mo thuairim,

- ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a bhí ag teastáil uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- ní raibh na taifid chuntasaíochta imleor chun ligean d'iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- níl na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntais.

# Ráiteas ar ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choinnithe

## Don Bhliain Airgeadais dar Críoch an 31 Nollaig 2018

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | NÓTAÍ | € | € |
| Ioncam ó Tháillí | *2 (a)* | **11,732,723** | 11,652,039 |
| Ioncam Eile | *2 (b)* | **58,981** | 34,784 |
| **Ioncam Iomlán** | | **11,791,704** | 11,686,823 |
| **Caiteachas** | | | |
| Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara | *3* | **6,134,517** | 6,113,213 |
| Costais Phróiseála Éileamh | *4* | **2,342,699** | 2,489,062 |
| Táillí Chomhaltaí an Bhoird | *3* | **72,390** | 80,370 |
| Costais Chóiríochta agus Tógála | *5* | **415,593** | 419,413 |
| Costais Earcaíochta, Oiliúna agus Oideachais | *5* | **58,588** | 64,049 |
| Costais Faisnéise, Taighde agus Cumarsáide | *5* | **179,145** | 218,968 |
| Costais Dlí agus Táillí Gairmiúla | *5* | **222,952** | 299,074 |
| Costais Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh | *5* | **34,685** | 91,699 |
| Costais TF | *5* | **638,883** | 522,337 |
| Costais Teileachumarsáide | *5* | **72,805** | 83,327 |
| Costais Riaracháin Ghinearálta | *5* | **574,774** | 647,747 |
| Dímheas | *6* | **375,822** | 220,337 |
| **Caiteachas Iomlán** | | **11,122,853** | 11,249,596 |
| **BARRACHAS DON BHLIAIN** | | **668,851** | 437,227 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | **17,449,908** | 17,012,681 |
| **IARMHÉID AMHAIL DEIREADH NA BLIANA** | | **18,118,759** | 17,449,908 |

Baineann an t-ioncam agus an caiteachas uile don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha ar an dáta tuairiscithe. Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 18 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

**Dermot Divilly**
*(Cathaoirleach)*

**29 May 2019**

Thar ceann an Bhoird

**Tim O'Hanrahan**
*(Comhalta Boird)*

**29 May 2019**

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

## Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2018

| | NÓTAÍ | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Barrachas don bhliain | | **668,851** | 437,227 |
| Gnóthachain ó thaithí ar oibleagáidí sochair scoir | *14* | **2,209,000** | 348,000 |
| Athruithe ar thoimhdí is bonn le luach reatha oibleagáidí sochair scoir | *14* | **1,681,000** | 0 |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir Iarchurtha | | **(3,890,000)** | (348,000) |
| **Ioncam Cuimsitheach don bhliain** | | **668,851** | **437,227** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 18 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

**Dermot Divilly**
*(Cathaoirleach)*

**29 May 2019**

Thar ceann an Bhoird

**Tim O'Hanrahan**
*(Comhalta Boird)*

**29 May 2019**

# Ráiteas ar Ataid an Airgeadais

## Amhail an 31 Nollaig 2018

| | NÓTAÍ | 2018 | 2018 | 2017 | 2017 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Acmhainní Neamh-Reatha** | | € | € | € | € |
| Sócmhainní Seasta | *6* | | 1,127,283 | | 1,308,078 |
| **Sócmhainní Reatha** | | | | | |
| Infháltais | *7 (a)* | 2,124,236 | | 1,946,249 | |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | *7 (b)* | 19,407,903 | | 18,573,179 | |
| **Sócmhainní Reatha Iomlána** | | **21,532,139** | | **20,519,428** | |
| **Dliteanais Reatha: suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin** | | | | | |
| Suimeanna Iníoctha | *8* | 3,778,363 | | 3,622,597 | |
| **Glansócmhainní Reatha** | | | **17,753,776** | | **16,896,831** |
| **Creidiúnaithe: méideanna dlite i ndiaidh bliain amháin** | | | | | |
| Foráil do dhliteanas agus do tháillí | *10* | | (762,300) | | (755,001) |
| **Sochair Scoir** | | | | | |
| Oibleagáidí Sochair Scoir | *14* | | (27,143,000) | | (28,854,000) |
| Sócmhainn Mhaoiniúcháin Sochair Scoir Iarchurtha | *14* | | 27,143,000 | | 28,854,000 |
| **Glansócmhainní Iomlána** | | | **18,118,759** | | **17,449,908** |
| **Arna mhaoiniú ag:** | | | | | |
| Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | | | 18,118,759 | | 17,449,908 |
| **Iomlán arna Mhaoiniú ag:** | | | **18,118,759** | | **17,449,908** |

Tá an Ráiteas ar Shreafaí Airgid agus nótaí 1 go 18 mar chuid de na ráitis airgeadais seo.

Thar ceann an Bhoird

**Dermot Divilly**
*(Cathaoirleach)*

**29 May 2019**

Thar ceann an Bhoird

**Tim O'Hanrahan**
*(Comhalta Boird)*

**29 May 2019**

# Sráiteas ar Ahreafaí Airgid

## Don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2018

| | NÓTAÍ | 2018<br>€ | 2017<br>€ |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | | |
| Barrachas don Bhliain Airgeadais | | **668,851** | 437,227 |
| Coigeartuithe le haghaidh: | | | |
| Dímheas | | **375,822** | 220,337 |
| Ús faighte | *2 (b)* | **(10,944)** | (9,338) |
| (Méadú)/Laghdú ar Infháltais | | **(177,987)** | 159,526 |
| (Laghdú)/Méadú ar Shuimeanna Iníoctha | | **155,766** | (626,006) |
| (Laghdú)/Méadú ar Fhoráil do Dhliteanais | | **7,299** | (9,907) |
| **Airgead ó ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | | **1,018,807** | 171,839 |
| | | | |
| **Sreafaí airgid ó Ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ceannach Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | *6* | **(197,574)** | (1,230,807) |
| Caillteanas ar dhiúscairt de shocmhainní seasta | *6* | **2,547** | 0 |
| Glan-eis-sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta | | **(195,027)** | (1,230,807) |
| | | | |
| **Sreafaí Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin** | | | |
| Ús Faighte | *2 (b)* | **10,944** | 9,338 |
| Glan-in-sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe | | **10,944** | 9,338 |
| | | | |
| **(Glanmhéadú)/Glanlaghdú ar Airgead Tirim agus Coibhéisí Airgid Thirim** | | **834,724** | (1,049,630) |
| | | | |
| Airgead agus Coibhéisí Airgid amhail an 1 Eanáir | | **18,573,179** | 19,622,809 |
| | | | |
| **Airgead agus Coibhéisí Airgid amhail an 31 Nollaig** | | **19,407,903** | 18,573,179 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

## 1. Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta

Tá bonn na cuntasaíochta agus beartais thábhachtacha chuntasaíochta arna nglacadh ag Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta leagtha amach thíos. Cuireadh iad ar fad i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn na bliana agus rinneadh amhlaidh i gcás na bliana roimhe sin.

### Faisnéis Ghinearálta

Bhunaigh an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta, 2003, Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta agus tá áitreabh ag an mBord ag Teach Grain, Halla an Mhalartáin, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24. Tá príomhfheidhmeanna PIAB leagtha amach i gCuid 3 den Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003 - Measúnú cóir, cruinn a dhéanamh ar mhéid na teidlíochta ar chúiteamh i gcás éileamh díobhála pearsanta ar bhonn tráthúila thagann faoi shainchúram Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

Eintiteas Sochair Phoiblí is ea PIAB.

### Ráiteas Comhlíontachta

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais den Bhord don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2018 i gcomhréir leis an gCaighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann (FRS 102) arna eisiúint ag an Financial Reporting Council (An Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais).

### Bonn an Ullmhúcháin

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi mhodh fabhraithe na cuntasaíochta, faoin choinbhinsiún an chostais stairiúil, i gcomhréir leis an gcleachtas cuntasaíochta a ghlactar go ginearálta leis, agus tá siad san fhormáid arna comhaontú leis an Aire Gnó, Fiontair agus Nuálaíochta. Is é an Euro an t-aonad airgeadra ina bhfuil na ráitis airgeadais ainmnithe.

### Ioncam

**Táillí éilitheora:**

Aithnítear táillí éilitheora ar bhonn fáltas airgid ar fháil iarratais chun éileamh a chlárú

**Táillí freagróra:**

Aithnítear táillí freagróra ar thoiliú do phróiseas PIAB sa bhliain ina dtuilltear an t-ioncam agus ina soláthraítear an tseirbhís.

Ar aon dul le FRS 102, alt 23, seirbhísí a sholáthar, aithnítear ioncam ó tháillí freagróirí sa mhéid go bhfuil sé dóchúil go mbeidh tairbhí eacnamaíocha ina dtoradh air sin agus gur féidir an t-ioncam a thomhas go hiontaofa. Comhlíontar na critéir a leanas sula n-aithnítear ioncam:

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

## 1. Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta (nóta ar lean)

**Seirbhísí a sholáthar:**

Aithnítear ioncam ó chonradh chun seirbhísí a sholáthar sa tréimhse inar soláthraíodh na seirbhísí i gcomhréir leis an gcéim i gcur i gcrích an chonartha.

Aithnítear ioncam ó tháille freagróra sa tréimhse ina dtuilltear an t-ioncam agus ina soláthraítear an tseirbhís, bunaithe ar mhodh na céime críochnaithe le haghaidh seirbhísí a sholáthar.

Déileáiltear le táillí a íoctar roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear iad mar dhliteanas reatha Scaoiltear an t-ioncam sin chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a sheachadtar an tseirbhís.

### Costais Réamhíoctha

Tabhaíonn an Bord costais sula bhfaightear toiliú agus déanann sé meastachán ag deireadh na bliana faoi chion na gcásanna sin a mbeidh toiliú mar thoradh orthu agus déileálann sé leis na costais sin mar réamhíocaíochtaí.

### Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Luaitear Sócmhainní Seasta Inláimhsithe ag an gcostas nó luacháil lúide dímheas carntha. Déantar foráil do dhímheas de réir méid chothroim ag rátaí atá measta chun na sócmhainní a laghdú go dtí a luachanna in-réadaithe faoi dheireadh a saolréanna úsáideacha mar a leanas:

| | | |
|---|---|---|
| Feabhsúcháin Léasachta | Blianta fágtha ar an léas | Méid Cothrom |
| Crua-earraí/Bogearraí TF | 25.00% | Méid Cothrom |
| Trealamh oifige | 20.00% | Méid Cothrom |
| Daingneáin agus Feistis | 12.50% | Méid Cothrom |
| Troscán Oifige | 12.50% | Méid Cothrom |

### Cánachas

Tá an Bord díolmhaithe ó Cháin Ioncaim agus ó Cháin Chorparáide faoi Alt 220 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 Ní bhaineann an díolúine sin le hús taisce. Nuair atá ús infhaighte faoi réir cánach (e.g. DIRT) cuirtear an glanmhéid infhaighte chun sochair an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe.

### Léas Oibriúcháin

Aithnítear caiteachas cíosa faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe thar shaolré an léasa. Aithnítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear thar shaolré an léasa.

### Infháltais

Díscríobhtar drochfhiacha aitheanta agus déantar foráil shonrach d'aon mhéid a bhfuil amhras ann faoina bhailiúcháin.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

## 1. Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta (nóta ar lean)

### Sochair Fostaithe

**Sochair Gearrthéarmacha**

Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, ar nós pá saoire, mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana le figiúirí na Méideanna Iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

### Breithiúnais agus Meastacháin Chuntasaíochta Criticiúla

D’fhonn na ráitis airgeadais a ullmhú ní mór don lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a mbíonn tionchar acu ar na suimeanna a thuairiscítear i ndáil le sócmhainní agus dliteanais amhail an dáta tuairiscithe agus ar na méideanna a thuairiscítear i ndáil le hioncam agus caiteachas le linn na bliana. Is é nádúr an mheastacháin, áfach, go bhféadfadh na torthaí iarbhír a bheith éagsúil ó na meastacháin sin. Is iad na breithiúnais seo a leanas is mó a raibh tionchar acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

### Bearnú Sócmhainní Seasta Inláimhsithe

Déantar athbhreithniú maidir le bearnú sócmhainní atá faoi réir amúchta nuair a léirítear le himeachtaí nó le hathruithe ar imthosca go mb’fhéidir nach bhfuil an tsuim ghlanluacha in-aisghabhála. Aithnítear caillteanas bearnaithe i leith an mhéid lena ndéanann suim ghlanluacha na sócmhainne a méid in-aisghabhála a shárú. Is é an méid in-aisghabhála an luach is airde de luach cóir sócmhainne lúide costais chun í a dhíol agus an luach in úsáid.

### Dímheas agus Luachanna Iarmharacha

Rinne an Bord athbhreithniú ar shaolréanna na sócmhainní agus ar luachanna iarmharacha gaolmhara gach aicme de shócmhainní seasta, agus go háirithe, saolré eacnamaíoch úsáideach agus luachanna iarmharacha na gCrua-earraí agus na mBogearraí TF, agus is é an tátal a bhaineamar as ná go bhfuil saolréanna agus luachanna iarmharacha na sócmhainní iomchuí.

### Forálacha

Déanann an Bord forálacha le haghaidh oibleagáidí dlíthiúla agus inchiallaithe, ar eol dó go bhfuil siad gan íoc ag dáta deiridh na tréimhse. Déantar na forálacha sin go ginearálta bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, arna coigeartú le haghaidh na treochtaí is déanaí nuair is iomchuí. Is meastacháin iad, áfach ar chostais airgeadais imeachtaí nach dtarlóidh, b’fhéidir, le blianta le teacht. Mar thoradh air sin agus mar thoradh ar leibhéal na neamhchinnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, d’fhéadadh an toradh iarbhír a bheith éagsúil ón gceann a réamh-mheasadh.

### Oibleagáid Sochair Scoir

Déantar na toimhdí atá faoi bhun na luachálacha achtúireacha dá ndéantar na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais a chinneadh (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí méadaithe ar leibhéil cúitimh amach anseo, rátaí básmhaireachta agus rátaí treochta um chostais cúram sláinte) a nuashonrú go bliantúil bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha, agus le haghaidh athruithe ábhartha ar bith ar théarmaí agus ar choinníollacha na bpleananna pinsin agus iarscoir.

Féadfaidh tionchar a bheith ag na nithe seo a leanas ar na toimhdí:

(i) an ráta lascaine, athruithe ar an ráta sochair ar bhannaí ardcháilíochta corparáide

(ii) leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí an mhargaidh saothair amach anseo

(iii) rátaí treochta costais cúram sláinte, an ráta maidir le boilsciú costais mhíochaine sna réigiúin iomchuí.

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

### 1. Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta (nóta ar lean)

#### Sochair Scoir

**Cineál na Scéimeanna**

Feidhmíonn an Bord scéim phinsin le sochar sainithe dá fhostaithe. Tá struchtúr na Scéime bunaithe ar Shamhail na Seirbhíse Poiblí. D'fhaomh an tAire Gnó, Fiontair agus Nuálaíocht agus an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an scéim in 2008. Faomhadh an Scéim Phinsin Ranníocach do Chéilí agus Leanaí in 2009.

Oibríonn an Bord Scéim Phinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (an Scéim Aonair), atá ina scéim le sochar sainithe do státseirbhísigh inphinsin arna gceapadh tar éis an 1 Eanáir 2013.

**Tréithe na Scéime**

Tá roinnt tréithe sonracha ag na scéimeanna:

*Scéim Eiseamláireach:*

- Déanann an Bord ranníocaíocht chomhaontaithe leis an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.
- Tá gné fostaí agus gné fostóra cuimsithe leis an ranníocaíocht. 25% de phá comhlán a bhí sa ranníocaíocht fostóra in 2018, agus 30% don fhoireann ar ÁSPC Aicme B agus D.
- Tá tiomantas ón Roinn Gnó, Fiontair agus Nuálaíocht le comhaontú ón Roinn Airgeadais, go seasfaidh an Státchiste costas na sochar de réir mar a bhíonn siad dlite.

I ndáiríre, measann an Bord go bhfanann an oibleagáid chun sochar scoir a íoc le Bord Measúnaithe um Dhíobhálacha Pearsanta (PIAB), agus go bhfuil an Státchiste tiomanta do chistí a sholáthar do PIAB chun aon oibleagáidí a réiteach ar son PIAB de réir mar a bhíonn siad dlite, ar an gcoinníoll go n-íocann PIAB ranníocaíochtaí fostaithe agus fostóirí leis ag na rátaí atá sonraithe. Dá réir sin, aithnítear sna ráitis airgeadais Oibleagáid Sochair Scoir agus Maoiniú Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha infhaighte.

Íoctar ranníocaíochtaí bhaill Scéim Phinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER). Tá ranníocaíocht fostóra iníoctha leis an DPER i gcomhréir le hImlitir 28/2016 ón DPER.

Chun críocha tuairiscithe i gcomhréir le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102, cuireadh nuashonrú ar an athbhreithniú achtúireach i gcrích amhail an 31 Nollaig 2018.

*Dliteanais na Scéime*

Déantar dliteanais na Scéime Eiseamláirí agus na Scéime Aonair arna n-ionadú ag luach reatha na n-íocaíochtaí sa todhchaí arna dtuilleamh ag foireann PIAB a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh an aonaid réamh-mheasta á úsáid. Léirítear le costais phinsin sochair arna dtuilleamh ag foireann PIAB sa tréimhse agus léirítear iad glan ó ranníocaíochtaí pinsin na bhfostaithe a choimeádann an Roinn. Déantar an méid atá le cur san áireamh leis na ráiteas airgeadais do mhéid na Sócmhainne Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha a mheas mar mhéid comhionann le meastachán na hoibleagáide do dhliteanais na scéime pinsin.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

## 1. Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta (nóta ar lean)

*Gnóthachain nó Caillteanais Achtúireacha na Scéime*

Aithnítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha mar thoradh ar athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus ar bharrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach ar an iarmhéid na Sócmhainne Sochair Scoir Státchiste Iarchurtha.

Cuimsítear le costais phinsin sa Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe ranníocaíocht an fhostóra maidir leis an mbliain.

## 2(a) Ioncam ó Tháillí

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ioncam ó Tháillí Éilitheoirí | **1,478,938** | 1,469,023 |
| Ioncam ó Tháillí Freagróirí | **10,408,915** | 10,096,558 |
| Ioncam Iarchurtha sa bhliain reatha | **(2,615,438)** | (2,460,308) |
| Ioncam Iarchurtha – An méid a scaoileadh le hioncam sa bhliain | **2,460,308** | 2,546,766 |
| | **11,732,723** | 11,652,039 |

### Ioncam ó Tháillí Éilitheoirí:

Aithnítear táillí éilitheoirí ar bhonn fáltais airgid ach iarratas chun éileamh a chlárú leis PIAB a fháil. Is é €45 táille reatha in aghaidh an iarratais de réir S.I. Uimh. 41/2011 - Rialacháin 2011 (Táillí) (Leasú) um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta

### Ioncam ó Tháillí Freagróirí:

Baineann ioncam ó tháillí freagróirí leis an mBord ag déileáil leis an iarratas (mar ata sonraithe san Acht PIAB). Aithnítear an t-ioncam ó tháillí freagróirí nuair a thoilítear do phróiseas PIAB sa bhliain ina thuilltear an t-ioncam nó ina soláthraítear an tseirbhís. Is é €600 an táille reatha de réir S.I. Uimh. 523/2012 Rialacháin 2012 (Leasú) um Bord Measúnaithe um Dhíobhálacha Pearsanta.

### Ioncam Iarchurtha

Déileáiltear le táillí freagróirí a íoctar roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear iad mar dhliteanas reatha. Scaoiltear an t-ioncam sin chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a sheachadtar an tseirbhís.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

## 2(b) Ioncam Eile

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Ús Infhaighte | **10,944** | 9,338 |
| Fáltais ó éilimh árachais | **42,500** | 20,000 |
| Ioncam ilghnéitheach | **5,537** | 5,446 |
| | **58,981** | 34,784 |

## 3(i) Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tuarastail | **4,724,593** | 4,520,687 |
| Ragobair | **1,747** | 4,319 |
| Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Fostóra | **1,176,092** | 1,151,797 |
| * Aisíocaíocht Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Fostóra SPSPS | **(230,742)** | 0 |
| Ranníocaíochtaí ÁSPC Fostóra | **449,199** | 426,527 |
| | **6,120,889** | 6,103,330 |
| Fabhrú Pá Saoire | **13,628** | 9,883 |
| | **6,134,517** | 6,113,213 |

* Sa tréimhse 2015 go 2017 chuir PIAB ráta céatadáin asbhainte fostóra de 25% i bhfeidhm maidir le fostaithe i Scéim Phinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí. Leasaíodh é sin in 2018 chun forálacha imlitir 28/2016 DPER a léiriú trína socraítear ranníocaíochtaí fostóra PIAB ag trí oiread ráta na ranníocaíochta fostaí. Íocadh €249,956 leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe in 2018, agus fuair an Bord €230,742 ón DPER roimh dheireadh na bliana maidir le ró-íocaíocht asbhaintí fostóra.

** Asbhaineadh €257,259 d'Asbhaintí a Bhaineann le Pinsin (PRD) agus íocadh é leis an Roinn Gnó Fiontair agus Nuálaíochta in 2018; asbhaineadh agus íocadh €240,979 in 2017.

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

### 3(i) Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara (nóta ar lean)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Líon Foirne** | | |
| Meánfhoireann a fhostaíonn an Bord go díreach | **84.3** | 82.0 |
| Foireann coibhéise lánaimseartha amhail Nollaig 2018 | **73.3** | 77.5 |
| **Luachanna Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh** | | |
| Tuarastal | **150,933** | 145,609 |

Tá an Príomhfheidhmeannach Conor O'Brien ina bhall de Scéim Phinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí (féach Nóta 14) agus tá a theidlíochtaí pinsin i gcomhréir le téarmaí na scéime. Níl luach na sochar scoir arna dtuilleamh sa tréimhse san áireamh thuas.

### Príomhphearsanra Bainistíochta

Cuimsítear le príomhphearsanra bainistíochta sa Bhord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta an Stiúrthóir Oibríochtaí, Stiúrthóir na Seirbhísí Tacaíochta Gnó, an Stiúrthóir um Ghnóthaí Corparáideacha agus an Stiúrthóir Airgeadais

| | | |
|---|---|---|
| Móriomlán na dtuarastal agus na sochar gearrthéarmach comhlán | **443,680** | 421,321 |

Tá teidlíochtaí pinsin an phríomhphearsanra bainistíochta i gcomhréir le téarmaí Scéim Phinsin Eiseamláireach na Seirbhísí Poiblí (féach Nóta 14). Ní áirítear thuas luach na sochar scoir a tuilleadh sa tréimhse.

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

### 3(i) Tuarastail, Pinsin agus Costais Ghaolmhara

#### Miondealú ar Shochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Déantar sochair ghearrthéarmacha na bhfostaithe atá níos mó ná €60,000 a chatagóiriú sna bandaí a leanas:

| | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|
| **Raon Tuarastail** | **2018** | **2017** |
| Ó – Go | | |
| 60,000-69,999 | **2** | 4 |
| 70,000-79,999 | **6** | 11 |
| 80,000-89,999 | **15** | 8 |
| 90,000-99,999 | **2** | 3 |
| 100,000-109,999 | **3** | 1 |
| 110,000-119,999 | **2** | 2 |
| 120,000-129,999 | **0** | 0 |
| 130,000-139,999 | **0** | 0 |
| 140,000-149,999 | **0** | 1 |
| 150,000-159,999 | **1** | 0 |
| | **31** | 30 |

Tabhair faoi deara: Chun críocha an nochta sin, áirítear le sochair ghearrthéarmacha fostaithe maidir le seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastail agus liúntais ragoibre, ach níl ÁSPC fostóra san áireamh leo.

| **Ranníocaíocht Pinsin Fostóra** | **€** | **€** |
|---|---|---|
| Scéim Phinsin Aonair na Seirbhíse Poiblí | **186,167** | 183,108 |
| Scéim Eiseamláireach | **989,925** | 968,689 |
| | **1,176,092** | 1,151,797 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

## 3(ii) Táillí agus Caiteachais an Bhoird

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Táillí Boird | **72,390** | 80,370 |
| **De réir Comhalta Boird** | | |
| Dermot Divilly - Cathaoirleach | **20,520** | 20,520 |
| Walter Cullen | **11,970** | 11,970 |
| Martin Naughton | **11,970** | 11,970 |
| Margot Slattery | **11,970** | 11,970 |
| John Lynch | **6,983** | 11,970 |
| Dermot Gorman | **3,990** | 11,970 |
| Nuala Jackson | **4,987** | 0 |
| | **72,390** | 80,370 |

Níor íocadh táillí leis na Comhaltaí Boird a leanas in 2018: Breda Power, Fionnuala O'Loughlin, Tim O'Hanrahan, an Dr. Jean O'Sullivan, Colette Crowne agus Conor O'Brien mar gheall ar chur i bhfeidhm an phrionsabail um Aon Duine Aon Tuarastal.

Níor íocadh aon speansais a bhain leis an mBord i rith na bliana

## 4 Costais Phróiseála Éileamh

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costais an Lárionaid Seirbhíse Sheachfhoinsithe | **2,336,047** | 2,502,214 |
| Táillí Leighis a bhain le hÉileamh * | **7,214,840** | 7,879,841 |
| Costais Eile a bhain le hÉileamh | **141,207** | 135,051 |
| Costais a bhain le hÉileamh arna nAisíoc | **(7,356,047)** | (8,014,891) |
| Costais Phróiseála Éileamh Réamhíoctha sa bhliain reatha ** | **(239,465)** | (246,117) |
| Costais Phróiseála Éileamh Réamhíoctha – scaoilte sa bhliain | **246,117** | 232,964 |
| | **2,342,699** | 2,489,062 |

* Mar chuid de phróiseas an Bhoird (féach Nóta 2) coimeádann sé seirbhísí réimse de chleachtóirí gairmiúla lena n-áirítear dochtúirí ginearálta, sainchomhairleoirí agus achtúirí. Athraíonn leibhéal na gcostas próiseála éileamh in aghaidh an éilimh. Mar gheall ar amlíne an phróisis ar an meán déanfar costais phróiseála éileamh in 2019 maidir le toiliú arna fháil in 2018 agus níl na costais sin curtha ar fáil sna ráitis airgeadais. Aisíocann an freagróir na costais sin agus costais eile a bhaineann le héilimh leis an mBord.

** Áirítear sna costais phróiseála éileamh cuid de na costais réamh-thoilithe atá réamhíoctha chuig 2019. Rinneadh na comórtais tairisceana nua an réamhíocaíocht nuair a fhaightear táille an fhreagróra.

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

### 5 Caiteachas

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Costais Chóiríochta agus Tógála** | € | € |
| Cíos, Rátaí agus Táillí Seirbhíse | **315,278** | 297,007 |
| Glantachán agus Slándáil | **50,854** | 58,199 |
| Solas agus Teas, Cothabháil agus Eile | **49,461** | 45,278 |
| Costais Aistrithe | **0** | 18,929 |
| | **415,593** | 419,413 |

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Costais Earcaíochta, Oiliúna agus Oideachais** | € | € |
| Oiliúint, Oideachas agus costais eile | **38,218** | 49,636 |
| Comhairleacht Acmhainní Daonna | **8,118** | 5,314 |
| Fógraíocht, Agallaimh agus costais eile earcaíochta | **12,252** | 9,099 |
| | **58,588** | 64,049 |

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Costais Faisnéise, Taighde agus Cumarsáide** | € | € |
| Feasacht Phoiblí | **79,539** | 99,701 |
| Fógraíocht – Eile | **30,342** | 45,824 |
| Caidreamh Poiblí agus Comhairleacht Chumarsáide | **49,090** | 55,139 |
| Bileoga/Bróisiúir agus Foilseacháin | **20,174** | 18,304 |
| | **179,145** | 218,968 |

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Costais Dlí agus Táillí Gairmiúla** | € | € |
| Táillí Staitistiúla agus Táillí Gairmiúla eile | **75,871** | 105,552 |
| Comhairleacht TF * | **34,778** | 83,797 |
| Comhairleacht Airgeadais * | **5,629** | 14,699 |
| Iniúchadh Inmheánach | **26,174** | 24,025 |
| Iniúchadh | **16,500** | 15,500 |
| Comhairlí Ginearálta Dlí | **64,000** | 55,501 |
| | **222,952** | 299,074 |

* Áirítear leis na costais chomhairleachta costas na comhairle seachtraí don lucht bainistíochta agus ní áirítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe 'gnó mar is gnách'.

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

### 5 Caiteachas (ar lean)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Costais chomhairleachta chaipitlithe | **0** | 33,737 |
| Costais chomhairleachta a chuirtear chun dochar an athuair Ioncaim agus Caiteachais agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | **40,407** | 98,496 |
| | **40,407** | 132,233 |

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Costais Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh** | € | € |
| Soláthar Athbhreithnithe Breithiúnaigh (Nóta 10) | **250,000** | 271,477 |
| Scaoileadh an tSoláthair Athbhreithnithe Breithiúnaigh | **(215,315)** | (179,778) |
| | **34,685** | 91,699 |

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Costais TF** | € | € |
| Táillí Ceadúnais TF | **193,794** | 177,146 |
| Tacaíocht agus Cothabháil TF | **309,177** | 236,747 |
| Costais Óstála | **103,703** | 47,082 |
| Seirbhís Bhainistithe Priontála | **22,009** | 21,972 |
| Costais Eile TF | **7,967** | 2,125 |
| Slándáil TF | **2,233** | 37,265 |
| | **638,883** | 522,337 |

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Costais Teileachumarsáide** | € | € |
| Teileafón | **22,364** | 25,597 |
| Línte léasaithe | **40,962** | 48,004 |
| Fón Móibíleach | **6,773** | 6,795 |
| Cothabháil Teileafóin | **2,706** | 2,931 |
| | **72,805** | 83,327 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

## 5 Caiteachas (ar lean)

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| **Costais Riaracháin Ghinearálta** | € | € |
| Postas | **424,516** | 451,703 |
| Taisteal agus Cothabháil Foireann – Náisiúnta | **14,143** | 15,233 |
| Taisteal agus CothabháilFoireann – Idirnáisiúnta | **2,957** | 0 |
| Stáiseanóireacht Oifige | **29,530** | 42,680 |
| Árachais | **47,576** | 50,092 |
| Ús Bainc agus Muirir | **14,645** | 13,337 |
| Costais Éagsúla | **4,038** | 1,786 |
| Siamsaíocht/Fáilteachas – Foireann * | **8,455** | 8,926 |
| Siamsaíocht/Fáilteachas – Cliant | **1,003** | 0 |
| Caiteachas a bhaineann le Fostaithe | **842** | 1,435 |
| Ús Íocaíochta Prais | **2,592** | 4,207 |
| Laghdú i Soláthar d'Fhiacha Amhrasacha | **(57,609)** | (12,886) |
| Díscríobhanna Táillí Freagróra | **49,200** | 30,000 |
| Díscríobhanna Táillí a Bhaineann le hÉilimh | **32,886** | 41,234 |
| | **574,774** | 647,747 |

* Áirítear ar chaiteachas Siamsaíochta/Fáilteachais ranníocaíocht €5,770 chuig Club Sóisialta Fhoireann PIAB.

Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

## 6 Sócmhainní Seasta

| | Léasacht Feabhsuithe | Crua-earraí/ Bogearraí TF | Trealamh Oifige | Daingneáin agus Feistis | Trealamh Oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Costas/Luacháil** | € | € | € | € | € | € |
| Amhail an 1 Eanáir | 605,724 | 1,571,873 | 43,126 | 5,372 | 54,193 | 2,280,288 |
| Breiseanna | 28,497 | 146,038 | 13,585 | 0 | 9,454 | 197,574 |
| Diúscairtí | 0 | (368,845) | (8,629) | (5,372) | (1,708) | (384,554) |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **634,221** | **1,349,066** | **48,082** | **0** | **61,939** | **2,093,308** |
| | | | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir | 60,573 | 872,886 | 28,177 | 4,141 | 6,433 | 972,210 |
| An Muirear | 97,983 | 260,975 | 8,738 | 224 | 7,902 | 375,822 |
| Diúscairtí | 0 | (368,818) | (8,628) | (4,365) | (196) | (382,007) |
| **Amhail an 31 Nollaig** | **158,556** | **765,043** | **28,287** | **0** | **14,139** | **966,025** |
| | | | | | | |
| **Glanluach Leabhar** | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2018** | **475,665** | **584,023** | **19,795** | **0** | **47,800** | **1,127,283** |
| Amhail an 31 Nollaig 2017 | 545,151 | 698,987 | 14,949 | 1,231 | 47,760 | 1,308,078 |

## Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

### 7(a) Infháltais

| | | 2018 | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin | | | |
| Táillí Infhaighte: | *Táillí Freagróirí* | **958,800** | 882,000 |
| | *Táillí a Bhaineann le hÉilimh* | **715,657** | 791,754 |
| Foráil d'Fhiacha Amhrasacha | | **(112,530)** | (170,139) |
| Ús Infhaighte | | **9,683** | 1,875 |
| Réamhíocaíochtaí | | **428,154** | 429,987 |
| Féichiúnaithe Eile | | **124,472** | 10,772 |
| | | **2,124,236** | 1,946,249 |

Íoctar costas pinsin na dtriúr pinsinéirí PIAB ag an PIAB agus aisíoctar é ag an An Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta Ba e an costas in 2018 €115,338, agus aisíocadh €42,233 le linn na bliana agus d'íoc an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta €73,105 tar éis dheireadh na bliana.

### 7(b) Airgead agus Coibhéisí Airgid

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Airgead sa bhanc agus ar láimh | **284,870** | 1,236,933 |
| Taiscí Gearrthéarmacha | **19,123,033** | 17,336,246 |
| | **19,407,903** | 18,573,179 |

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

## 8 Suimeanna Iníoctha

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| **Suimeanna atá dlite laistigh de bhliain amháin** | | |
| Suimeanna Iníoctha | **88,673** | 270,031 |
| Fabhruithe | **625,831** | 456,530 |
| Cánacha agus Leas Sóisialta | **219,841** | 250,472 |
| Dliteanas Pinsin * | **120,313** | 123,843 |
| Creidiúnaithe Eile | **89,791** | 61,413 |
| An Tairseach do Dhlíodóirí - Íocaíochtaí ar Chuntas | **18,476** | 0 |
| Ioncam Iarchurtha (Nóta 9) | **2,615,438** | 2,460,308 |
| | **3,778,363** | 3,622,597 |

* Ranníocaíochtaí Pinsin agus Asbhaintí a Bhaineann le Pinsean Fostaí agus Fostóra

## 9 Ioncam Iarchurtha

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh | **2,460,308** | 2,546,766 |
| Ioncam Iarchurtha a soláthraíodh sa bhliain | **2,615,438** | 2,460,308 |
| An méid a scaoileadh le hioncam sa bhliain | **(2,460,308)** | (2,546,766) |
| | **2,615,438** | 2,460,308 |

Déileáiltear le táillí freagróirí a íoctar roimh ré mar ioncam iarchurtha agus tuairiscítear iad mar dhliteanas reatha. Scaoiltear an t-ioncam sin chuig an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe nuair a sheachadtar an tseirbhís.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

## 10 Foráil do Dhliteanais – Athbhreithniú Breithiúnach

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iarmhéid Tosaigh | **755,001** | 764,908 |
| Forail Bhreise (Nóta 5) | **250,000** | 271,477 |
| A Úsáideadh sa Bhliain | **(27,386)** | (101,606) |
| Laghdú san Fhoráil | **(215,315)** | (179,778) |
| Iarmhéid Deiridh | **762,300** | 755,001 |

Is meastachán ciallmhar dliteanas iad forálacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn chuig tríú páirtithe, maidir le caingne dlí a fógraíodh roimh dheireadh na bliana. Mar gheall ar nádúr na n-oibríochtaí dá chuid tá baint ag an mBord le caingne dlí éagsúla, go príomha an t-athbhreithniú breithiúnach ar an Acht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta 2003

Tá na forálacha bunaithe ar mheasúnú na gcostas dóchúla a bhainfidh le caingne atá ar eolas a chosaint sa mhéid gur féidir na costais sin a mheas go réasúnta. San áireamh leis na toimhdí arna ndéanamh chun leibhéal iomchuí na forála a mheasúnú tá toradh dóchúil na gcaingne, treocht amach anseo na gcostas dlíthiúil (ár gcostas féin agus costais an tríú páirtí) agus an dáta measta ar a ndéanfar an caingean a éisteacht. Déantar an fhoráil a athbhreithniú ar bhonn míosúil, agus de réir mar a chuirtear níos mó faisnéise ar fáil, agus ina dhiaidh sin déantar aon mhéadú nó laghdú ar an bhforáil a theastaíonn a phróiseáil. Tá an Bord sásta go ndearna sé an meastachán is fearr ar am bhforáil iomchuí sna ráitis airgeadais don toradh dóchúil.

## 11 Dliteanas Teagmhasach

### Caingne Dlí

Mar a luaitear i Nóta 10, tá an Bord, ó am go ham, ina pháirtí do chaingne éagsúla dlí. Déanann an Bord foráil iomlán do chostais ionchasacha dlí a bhaineann leis na cásanna a fógraíodh dó (Nóta 10). Is dócha go bhfógrófar roinnt cásanna breise don Bhord sa todhchaí maidir le cinntí a rinneadh roimh an 31 Nollaig 2018. Ní féidir tionchar ionchasach airgeadais a leithéid d'éilimh a mheas.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

## 12 Gealltanais Airgeadais

### Léasanna Oibriúcháin

Tá an Bord suite ar dhá urlár ag Grain House, Cearnóg Belgard Thuaidh, Tamhlacht, Baile Átha Cliath 24. Tá an t-áitreabh ar léas ag Oifig na nOibreacha Poiblí (OOP) agus íocann an Bord as costais an léasa.Sheasanna an Bord €188,554 faoi thionóntacht ó bhéal. Oibríonn an Bord faoi théarma léasa fiche bliain a thosaigh in Aibreán 2004.

Amhail an 31 Nollaig 2018 bhí na híocaíochtaí léasa íosta a leanas ag an mBord sa todhchaí faoi léasanna oibriúcháin dochealaithe do gach ceann de na tréimhsí seo a leanas:

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Iníoctha laistigh de bhliain | **189,304** | 189,555 |
| Iníoctha laistigh de dhá bhliain go cúig bliana | **754,215** | 754,965 |
| Iníoctha tar éis cúig bliana | **47,138** | 235,692 |
| | **990,657** | 1,180,212 |

Ba é €189,555 na híocaíochtaí léasa oibriúcháin a aithníodh mar chostas (2017: €198,554)

## 13 Ceangaltais Chaipitil

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Faoi Chonradh (Conradh Sínithe) | **72,054** | 28,497 |
| Faoi Chonradh Ar Bith | **0** | 0 |
| | **72,054** | 28,497 |

## 14 Cur Chuige Cuntasaíochta maidir le Sochair Scoir

TFeidhmíonn an Bord scéim phinsin le sochar sainithe dá fhostaithe. Tá struchtúr na Scéime bunaithe ar Eiseamláir na Seirbhíse Poiblí. D’fhaomh an tAire Gnó Fiontar agus Nuálaíocht agus an tAire Airgeadais agus Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe an scéim d’fhostaithe in 2008. Faomhadh an Scéim Pinsean Ranníocach do Chéilí agus do Leanaí in 2009.

Faoin Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012, éiríonn iontrálaithe nua sa tseirbhís phoiblí an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh sin in mbaill de Scéim Phinsin Aonair na Seirbhísí Poiblí (“an Scéim Aonair”).

Tá roinnt tréithe sonracha ag an scéim (féach nóta 1. Ráiteas faoi Bheartais Chuntasaíochta)

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

## 14 Cur Chuige Cuntasaíochta maidir le Sochair Scoir (ar lean)

### Luacháil Achtúireach

Choimisiúnaigh an Bord luacháil achtúireach ar dhliteanais fhabhraithe ar an dáta tuairiscithe, agus ar chostas na sochar (costas seirbhíse) a fabhraíodh i rith na bliana. Is é an bhuntuiscint leis an luacháil sin, a bhí bunaithe ar mhodh chreidiúint Réamh-mheasta an Aonaid, na toimhdí a leanas:

| **Ráta Bliantúil Toimhdithe** | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | **2.10%** | 2.00% |
| Toimhde an bhoilscithe (Praghasinnéacs Tomhaltóirí) | **1.70%** | 1.80% |
| Méaduithe Tuarastal | **2.95%** | 3.05% |
| Méaduithe Pinsean Stáit | **2.20%** | 2.30% |
| Ráta an mhéadaithe ar phinsin atá á n-íoc – Scéim Eiseamláireach | **2.45%** | 2.55% |
| Ráta an mhéadaithe ar phinsin atá á n-íoc – Scéim Aonair | **1.70%** | 1.80% |

Ina theannta sin, rinneadh na toimhdí déimeagrafacha a leanas amhail an 31 Nollaig 2018.

### Ionchas saoil ag 65 bliana d'aois

| | | |
|---|---|---|
| Fear d'aois 45 bliana faoi láthair | 25.0 bliain | 24.9 bliain |
| Fear d'aois 65 bliana faoi láthair | 22.6 bliain | 22.5 bliain |
| Bean d'aois 45 bliana faoi láthair | 26.0 bliain | 25.9 bliain |
| Bean d'aois 65 bliana faoi láthair | 24.1 bliain | 24.0 bliain |

Bunaithe ar an méid thuas, is ionann luach reatha na ndliteanas ag an dáta tuairiscithe agus €27,143,000 [2017: €28,854,000], agus is ionann costas na seirbhíse (arna ríomh bunaithe ar na toimhdí réamhluaite) don bhliain agus €1,574,000 [2017: €1,491,000].

### Anailís ar na costais iomlána phinsin a gearradh ar chaiteachas

| | **2018** | **2017** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Ranníocaíocht iomlán fostóra | **1,176,092** | 1,151,797 |
| Costas seirbhíse reatha | **1,574,000** | 1,491,000 |
| Costas úis | **575,000** | 545,000 |
| Costas na seirbhíse roimhe seo | **187,000** | 0 |
| Coigeartú ar Chistiú Iarchurtha Pinsin Státchiste | **(2,336,000)** | (2,036,000) |
| An méid iomlán a chuirtear chun dochair an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Choinnithe | **1,176,092** | 1,151,797 |

* Áirítear ranníocaíochtaí fostaithe sa Chostas Seirbhíse Reatha de mhéid iomlán €223,366 in 2018 agus €208,474 in 2017.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

## 14 Cur Chuige Cuntasaíochta maidir le Sochair Scoir (ar lean)

### Gluaiseacht i nglandliteanas pinsin

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Glandliteanas Pinsin amhail an 1 Eanáir | **28,854,000** | 27,317,000 |
| Costas Reatha Seirbhíse | **1,574,000** | 1,491,000 |
| Costas Úis | **575,000** | 545,000 |
| Costas na seirbhíse roimhe seo | **187,000** | 0 |
| Gnóthachain (ó thaithí) ar dhliteanais na scéime | **(2,209,000)** | (348,000) |
| Athrú ar thoimhdí | **(1,681,000)** | 0 |
| Sochair a íocadh i rith na bliana | **(157,000)** | (151,000) |
| Glandliteanas Pinsin amhail an 31 Nollaig | **27,143,000** | 28,854,000 |

### Stair na ndliteanas scéime agus (gnóthachain) / caillteanais ó thaithí

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Athruithe ar thoimhdí faoi bhonn luach reatha dhliteanais na scéime | **(1,681,000)** | 0 |
| % dliteanais ag deireadh na bliana | **(6.2%)** | 0.00% |
| Gnóthachain (ó thaithí) ar dhliteanais na scéime | **(2,209,000)** | (348,000) |
| % dliteanais ag deireadh na bliana | **(8.1%)** | (1.2%) |
| Dliteanas scéime | **27,143,000** | 28,854,000 |

## 15 Nochtuithe Páirtithe Gaolmhara

Féach ar Nóta 3 le haghaidh miondealú ar an luach saothair agus ar na sochair a íocadh leis an bpríomhlucht bainistíochta. I gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú 2016 arna athbhreithniú, tá Cóid Iompair Ghnó i bhfeidhm ag an mBord do Chomhaltaí an Bhoird agus do na fostaithe. Áirítear leis na cóid sin treoir maidir le nochtadh leasanna ag comhaltaí an Bhoird agus chloígh an Bord leis na nósanna imeachta sin le linn na bliana atá clúdaithe leis na ráiteas airgeadais seo.

# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig 2018

## 16 Athbhreithniú ar Reachtaíocht

Síníodh an tAcht um Bord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (Leasú) 2019 ina dhlí an 25 Feabhra 2019 agus táthar chun tús a chur leis an 3 Aibreán 2019. Tá foráil nua san Acht lena ndéanfar aisíoc cistí leis an Státchiste a éascú. Forbrófar beartas um chúlchistí in 2019 i gcomhar lenár máthair-roinn DBEI (an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta). Tá sé réamh-mheasta go ndéanfar foráil leis an mbeartas do choimeád cistí ag PIAB chun críocha oibriúcháin, teagmhasachta agus infheistíochta caipitil agus go n-aisíocfar suim chomhaontaithe leis an Státchiste in 2019.

## 17 Figiúir chomparáideacha

Athaicmíodh méideanna áirithe ón mbliain roimhe ar mhaithe le comhsheasmhacht le léiriú na bliana reatha. Ní raibh tionchar ag na hathaicmithe sin ar na torthaí tuairiscithe.

## 18 Faomhadh na Ráiteas Airgeadais

D’fhaomh an Bord na Ráitis Airgeadais an 29 Bealtaine 2019.

# Aguisín

## Anailís Gheografach ar Éilimh

### Briseadh síos na nDámhachtainí de réir Suímh (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

| | 2018 | 2018 | 2017 | 2017 | 2016 | 2016 | 2015 | 2015 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Líon na nDámhachtainí | Líon na nDámhachtainí | Líon na nDámhachtainí | Líon na nDámhachtainí | Líon na nDámhachtainí | Líon na nDámhachtainí | Líon na nDámhachtainí | Líon na nDámhachtainí |
| Poblacht na hÉireann | 11,858 | 97.9% | 12,353 | 97.5% | 12,658 | 97.6% | 11,440 | 97.6% |
| Tuaisceart Éireann | 149 | 1.2% | 171 | 1.4% | 199 | 1.5% | 168 | 1.4% |
| An Ríocht Aontaithe (seachas Tuaisceart Éireann) | 70 | 0.6% | 75 | 0.6% | 74 | 0.6% | 88 | 0.7% |
| An chuid eile den Domhan | 35 | 0.3% | 64 | 0.5% | 35 | 0.3% | 38 | 0.3% |
| **IOMLÁIN** | **12,112** | **100.0%** | 12,663 | 100.0% | 12,966 | 100.0% | 11,734 | 100.0% |


### Briseadh síos ar Chatagóirí na nDámhachtainí de réir Suímh (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

| | 2018 | 2018 | 2018 | 2018 | 2017 | 2017 | 2017 | 2017 | 2016 | 2016 | 2016 | 2016 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | ML | EL | PL | Total | ML | EL | PL | Iomlán | ML | EL | PL | Iomlán |
| Poblacht na hÉireann | 8,332 | 1,376 | 2,150 | 11,858 | 8,910 | 1,196 | 2,247 | 12,353 | 9,318 | 1,139 | 2,201 | 12,658 |
| Tuaisceart Éireann | 118 | 10 | 21 | 149 | 138 | 3 | 30 | 171 | 174 | 7 | 18 | 199 |
| An Ríocht Aontaithe (seachas Tuaisceart Éireann) | 55 | 3 | 12 | 70 | 56 | 2 | 17 | 75 | 53 | 1 | 20 | 74 |
| An chuid eile den Domhan | 24 | 6 | 5 | 35 | 38 | 15 | 11 | 64 | 19 | 11 | 5 | 35 |
| **IOMLÁIN** | **8,529** | **1,395** | **2,188** | **12,112** | **9,142** | **1,216** | **2,305** | **12,663** | 9,564 | 1,158 | 2,244 | 12,966 |

## Líon Dámhachtainí in aghaidh an Chontae



**% Dámhachtainí in aghaidh an Chontae**



### Na 5 chontae is airde de réir Dámhachtainí in aghaidh an duine den daonra 2018

| | % Dámhachtainí in aghaidh an Chontae |
|---|---|
| An Longfort | 1.40% |
| Luimneach | 6.50% |
| Lú | 3.80% |
| Baile Átha Cliath | 34.40% |
| Sligeach | 1.50% |

### Na 5 Chontae is ísle de réir Dámhachtainí in aghaidh an duine den daonra 2018

| | % Dámhachtainí in aghaidh an Chontae |
|---|---|
| Cill Chainnigh | 1.10% |
| Loch Garman | 2.10% |
| Dún na nGall | 2.30% |
| Gaillimh | 3.80% |
| Cill Mhantáin | 2.10% |

### Líon is Airde Dámhachtainí Foriomlána de réir Contae 2017 (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

| | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 4,077 |
| Corcaigh | 1,158 |
| Luimneach | 768 |
| Cill Dara | 564 |

### Líon is Ísle Dámhachtainí Foriomlána de réir Contae 2018 (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

| | |
|---|---|
| Liatroim | 59 |
| Muineachán | 125 |
| Cill Chainnigh | 134 |
| Ceatharlach | 152 |

### Líon is Airde Dámhachtainí ML de réir Contae (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

| | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 2,748 |
| Corcaigh | 814 |
| Luimneach | 574 |
| Cill Dara | 392 |

### Líon is Ísle Dámhachtainí ML de réir Contae (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

| | |
|---|---|
| Liatroim | 42 |
| Cill Chainnigh | 93 |
| Muineachán | 99 |
| Ceatharlach | 100 |

### Líon is Airde Dámhachtainí EL de réir Contae (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

| | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 504 |
| Corcaigh | 126 |
| Cill Dara | 80 |
| An Mhí | 68 |

### Líon is Ísle Dámhachtainí EL de réir Contae (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

| | |
|---|---|
| Sligeach | 7 |
| Liatroim | 9 |
| An Longfort | 10 |
| Muineachán | 13 |

### Líon is Airde Dámhachtainí PL de réir Contae (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

| | |
|---|---|
| Baile Átha Cliath | 825 |
| Corcaigh | 218 |
| Luimneach | 130 |
| Cill Dara | 92 |

### Líon is Ísle Dámhachtainí PL de réir Contae (bunaithe ar sheoladh an Éilitheora)

| | |
|---|---|
| Liatroim | 8 |
| Muineachán | 13 |
| An Cabhán | 17 |
| Cill Chainnigh | 25 |